



Tuarascáil Bhliantúil 2017



Ábhar

Réamhrá	2
Gluais	6
Athchóiriú Chóras na nAchomharc Cánach.....	11
Bonn Reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach	13
Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach	14
Cairt Eagraíochta	15
Achomhairc Reatha	16
Achomhairc Oidhreachta	18
Achomhairc Roimh an mBunú	20
Cásanna Dearbhaithe	21
Forléargas ar Chinntí.....	23
Dúshlán maidir le hAchomhairc a Chur chun Cinn	33
Staitisticí.....	37
Rialachas & Riarachán	56
Maoiniú & Caiteachas.....	63
Aguisíní.....	64

Réamhrá

I gcomhréir le halt 21 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, tá áthas orainn dara tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach a chur i láthair.

Bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach (“TAC”) ar 21 Márta 2016 agus is é atá i gceist leis seo, an dara tuarascáil bhliantúil againn, ná an chéad deis forléargas a thabhairt ar oibríochtaí bliana iomláine sa Choimisiún. Sholáthair ár n-athbhreithniú bliantúil deis dúinn chun measúnú cóir a dhéanamh ar mhéid an ualaigh oibre atá os comhair an Choimisiúin, agus meastóireacht a dhéanamh ar na hacmhainní atá riachtanach chun an t-ualach oibre sin a bhainistiú agus chun déileáil leis.

Agus sin á dhéanamh againn, bhí a fhios againn go rímhaith ní amháin go bhfuil gach páirtí an chórais achomhairc i dteideal cinneadh a fháil i dtaca lena n-achomharc ar bhealach tráthúil agus éifeachtach, ach bhí a fhios againn freisin gur suim ollmhór airgid atá i gceist leis na cánacha faoi achomharc; measann foinse amháin gur suas le €1.6 billiún atá i gceist.

Is féidir gurb í an staitistic is suntasaí ná líon na n-achomharc atá á gcur faoi bhráid TAC. Le chéile fuair Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc (suas go 20 Márta 2016) agus TAC (ó 21 Márta 2016 ar aghaidh) 901 achomharc nua le linn 2016 (gan na hachomhairc oidhreacht sin a chur san áireamh a aistríodh ag na Coimisinéirí Ioncaim le linn na bliana sin). Le haghaidh 2017, bhí an figiúr sin tar éis méadú go 1,751, beagnach dhá uair líon na bliana roimhe sin. Léiríonn líon na n-achomharc atá á bhfáil go dtí seo i 2018 méadú breise, suas go thart ar 150 achomharc in aghaidh na míosa.

Tá sé ríshoiléir anois ó na figiúirí atá ar fáil go bhfuil ualach oibre TAC i bhfad bhfad níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis roimhe seo. Chomh maith le bheith ag éisteacht le hachomhairc, a maireann cuid acu ar feadh laethanta agus cinn eile ar feadh seachtainí, is próiseas é dreachtú cinntí atá dian ó thaobh ama de, agus a éilíonn bheith an-chúramach agus duine ina bhun, chomh maith le machnamh an-cháiréiseach. Ba chóir go ndíreofaí mórchuid mór ár gcuid ama agus ár gcuid airde ar obair bhreithiúnais; tá súil againn gur féidir líon íseal na foirne ag TAC a mhéadú, rud a chuirfeadh ar ár gcumas rúnaíocht a bhunú laistigh de TAC, chun déileáil le gnáthcheisteanna cásbhainistíochta agus riaracháin, rud a mhéadódh an t-am atá ar fáil againn chun éisteacht le hachomhairc agus chun iad a chinneadh.

Chun a bheith in ann ualach oibre TAC a bhainistiú, creidimid go mbeidh ar an gCoimisiún na rudaí seo a dhéanamh:-

(a)

modhanna malartacha a spreagadh chun achrainn a réiteach, mar shampla athbhreithnithe inmheánacha nó seachtracha ar shocruithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim trí eolas a thabhairt d'íocóirí cánach agus dá gcuid comhairleoirí faoi chinntí a rinneadh roimhe seo ar féidir go bpléann siad leis an gceist sin ar mian leo achomharc a dhéanamh faoi; agus

(b)

cleachtais agus nósanna imeachta nua a thabhairt isteach chun achomhairc a phróiseáil, mar shampla trí rannpháirtíocht Chásbhainisteoirí atá cáilithe go hoiriúnach chun cabhair a thabhairt maidir le réiteach achomharc roimh an éisteacht, trí bhunú rúnaíochta Coimisiúin chun déileáil le riarachán agus le rialachas agus trí úsáid mhéadaithe Chomhdhálacha Cásbhainistíochta.

Tá cuid mhór déanta againn cheana chun na bearta seo a chur i bhfeidhm. Is cinnte gur thug páirtithe na n-achomharc faoi deara úsáid mhéadaithe Chomhdhálacha Cásbhainistíochta, ag úsáid cumhachtaí nua a bronnadh orainn ag Acht 2015; is é an taithí atá againn go bhfuil siad an-éifeachtach chun luathréiteach achomharc a bhainistiú agus a bhaint amach. Ina theannta sin, le déanaí chuireamar próiseas earcaíochta i gcrích, a rinneadh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, chun roinnt Cásbhainisteoirí cáincháilithe a fhostú a bheidh freagrach as bainistiú laethúil na n-achomharc.

Leis na bearta seo a chur i bhfeidhm go hiomlán, áfach, ní mór go mbeadh dóthain acmhainní ag TAC. I láthair na huaire níl. Cé gur méadaíodh foireann an Choimisiúin le linn 2017, níor leor an méadú sin chun freastal a dhéanamh ar riachtanais an Choimisiúin. Tá súil againn aistriú chuig áitreabh nua agus níos mó faoi lár 2018, rud a réiteoidh cuid mhór na deacrachtaí sin a eascraíonn faoi láthair as an gCoimisiún a bheith ag feidhmiú as áitreabh a bhfuil sé éirithe i bhfad rómhór dó le tamall fada anuas; cuirfidh an t-aistriú chuig áitreabh nua, áfach, tuilleadh brú ar bhuiséad a bhfuil brú rómhór air cheana féin. Ina theannta sin, tá TAC ag leanúint ar aghaidh de bheith ag dul i dtreo an neamhspleáchais iomláin ón gComhaontú Seirbhíse leis na Coimisinéirí Ioncaim; arís, cé go bhfuil an dul chun cinn seo riachtanach, cuirfidh sé brú breise arís ar acmhainní foirne agus ar bhuiséad an Choimisiúin.

Cinntear leibhéil bhuiséid agus fhoirne an Choimisiúin ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Chuireamar in iúl do na Ranna seo go bhfuil géarghá ann le foireann bhreise agus acmhainní breise don Choimisiún agus tá tuairisc fhoirmeálta curtha faoi bhráid an Aire Airgeadais againn faoin gceist seo de bhun ailt 21(5) d'Acht 2015. Creidimid gur ceist í ceist na n-acmhainní do TAC ar gá aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach má tá ffordheis le bheith ag an gCoimisiún a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go tráthúil agus go héifeachtach.

Chuir TAC i gcrích comhairliúchán poiblí maidir lena chuid rialacha agus a chuid nósanna imeachta i Mí Mheán Fómhair 2017. Fuarthas aighneachtaí mionsonraithe ó roinnt páirtithe leasmhara. Dheimhnigh na haighneachtaí na fadhbanna sin a bhí aitheanta againn cheana agus nótaíl siad go léir go bhfuil an Coimisiún an-ghann ar fad in acmhainní. Rinne na haighneachtaí roinnt moltaí úsáideacha freisin maidir le conas ab fhéidir leis an gCoimisiún líon a chuid cásanna a bhainistiú níos fearr ar mhaithe le gach páirtí. Cuirfimid na moltaí seo san áireamh agus muid ag athbhreithniú agus ag mionchoigeartú nósanna imeachta an Choimisiúin agus ba mhaith linn an deis seo a thapú chun ár mbuíochas a chur in iúl arís do gach duine a chuir aighneacht faoinár mbráid mar fhreagra ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Chomh maith le bheith ag plé le hachomhairc, ní mór do TAC cinntiú freisin go gcloíonn sé lena chuid dualgas rialachais. Tá cuid mhór bainte amach againn sa chomhthéacs seo le linn 2017; áirítear mar shamplaí de sin nuashonrú ár gCóid Rialachais, cur i bhfeidhm Ráitis Straitéise 3 bliana, ceapadh Iniúcháirí Inmheánacha agus bunú ceardlann seachtainiúil rialachais, le hidirdhealú soiléir freagrachtaí agus struchtúr tuairiscithe.

Tá cuid mhór fós le déanamh, áfach, agus arís eile tá an easpa acmhainní ag cur bac ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar cheisteanna i gceart agus go hiomlán. Sampla amháin de na deacrachtaí seo is ea an obair atá riachtanach chun cinntiú go gcloímid leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a mbeidh feidhm leis ar 25 Bealtaine 2018. Beidh cuid mhór oibre ag teastáil le go n-éireodh an Coimisiún comhlíontach agus le go bhfanfadh sé comhlíontach le RGCS ach i láthair na huaire is é fírinne an scéil nach bhfuil dóthain foirne ar fáil againn le haghaidh na hoibre seo.

I dtéarmaí na ndúshlán sin atá os comhair TAC i 2018, creidimid gur seo a leanas na príomhcheisteanna a mbeidh orainn aghaidh a thabhairt orthu:-

- cinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag TAC, i dtéarmaí foirne, áitribh agus buiséid, chun plé lena ualach oibre oidhreacht agus lena ualach oibre reatha;
- má cheadaíonn na hacmhainní a leithéid, athstruchtúrú TAC sa tslí go mbunaítear rúnaíocht nua chun riarachán, rialachas agus ceisteanna bainistíochta laethúla a bhainistiú, rud a cheadódh tuilleadh ama do na Coimisinéirí chun bheith ag díriú ar bhainistiú, ar éisteacht agus ar chinneadh achomharc;
- bainistiú an aistrithe atá beartaithe chuig áitreabh nua agus an obair bhreise a eascróidh dá bharr sin, leithéidí suiteáil chóras nua TF agus cumarsáide;
- leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm ár gCórais nua Cásbhainistíochta agus na sonraí riachtanacha a chur isteach ann;
- leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm na mbeart sin a aithníodh inár Ráiteas Straitéise 3 bliana;
- bogadh ar shiúl ó Chomhaontú Seirbhíse TAC leis na Coimisinéirí Ioncaim, go seasamh lán-neamhspleáchais;

- Coiste Iniúcháireachta & Riosca a bhunú;
- má cheadaíonn na hacmhainní é, feabhas a chur ar ár suíomh gréasáin agus ceadú níos mó trédhearcachta maidir le sceidealú éisteachtaí;
- cinntiú go gcloítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; agus
- tiomsú sonraí chun cinntiú go gcloítear le tionscnamh Sonraí Oscailte an Rialtais.

Leagtar cuid de na ceisteanna seo amach le tuilleadh sonraí sa chaibidil “Dúshláin maidir le hAchomhairc a Chur chun Cinn” agus in áiteanna eile i bpríomhthéacs na Tuarascála.

Cuirimid fáilte roimhe cheapachán, le linn 2017, Conor Kennedy BL mar Choimisinéir Sealadach Achomharc. Tugadh mar phríomhthasc don Choimisinéir Kennedy bheith ag plé leis na 2,731 achomharc oidhreachta (.i. achomhairc oscailte a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim roimh 21 Márta 2016, ach nár fógraíodh d’Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc) a aistríodh ag na Coimisinéirí Ioncaim chuig TAC i ndara leath 2016. Mar is léir ó phríomhthéacs na Tuarascála, tá méid suntasach oibre curtha i gcrích ag an gCoimisinéir Kennedy cheana féin maidir le bheith ag plé leis na hachomhairc oidhreachta agus leanfaidh sé ar aghaidh leis sin ar feadh a cheapacháin.

Go deireanach, ba mhaith linn an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don mhéid oibre atá curtha i gcrích ag foireann an Choimisiúin le linn 2017 agus ár mbuíochas a chur in iúl as an méid sin. Tá an t-ádh dearg orainn a leithéid d’fhoireann dhícheallach dhíograiseach agus thiomanta a bheith againn sa Choimisiún agus táimid fíorbhuíoch as an méid atá bainte amach acu le bliain anuas.

Mar fhocal scoir, cuireann ár sainchúram reachtúil iachall orainn an córas achomharc cánach neamhspleách, éifeachtach agus éifeachtúil a chur i bhfeidhm atá i gceist ag Acht 2015, ach ní féidir seo a bhaint amach gan acmhainní sásúla. Creidimid go mbeimid in ann, má chuirtear na hacmhainní riachtanacha méadaithe ar fáil dúinn, feabhsúcháin a dhéanamh agus ár sainchúram a chomhlíonadh ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara ar fad.



MARK O' MAHONY
Coimisinéir Achomhairc



LORNA GALLAGHER
Coimisinéir Achomhairc

Gluais

TÉARMAÍ GINEARÁLTA

Achomhairc curtha ar athló roimh éisteacht

Achomhairc ar leithdháileadh dáta dóibh le haghaidh éisteachta agus a cuireadh ar athló ar iarratas na bpáirtithe roimh thosú na héisteachta.

Coimisinéir Achomhairc

Ball den Choimisiún um Achomhairc Chánach a ceapadh ag an Aire Airgeadais de bhun ailt 8 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

Achomhairc Dúnta

Achomhairc a tugadh chun críche agus nach dteastaíonn aon bhearta breise maidir leo.

Achomhairc ar láimh

Achomhairc bheo/ghníomhacha a dteastaíonn bearta breise uathu.

Achomhairc socraithe

Achomhairc a socraíodh trí chomhaontú idir na páirtithe.

Achomhairc socraithe roimh éisteacht

Achomhairc a socraíodh idir na páirtithe tar éis don achomharc a bheith liostaithe le haghaidh éisteachta, ach roimh thosú na héisteachta.

Achomhairc aistarraingthe

D'fhógair an tAchomharcóir do TAC nach mian leis/léi dul ar aghaidh lena (h)achomharc.

Achomharc caite amach

Cuireann Alt 949AV, ACC 1997 ar chumas na gCoimisinéirí Achomhairc achomharc a chaitheamh amach nuair a theipeann ar pháirtí cloí le treoracha na gCoimisinéirí Achomhairc.

Achomharc diúltaithe

Sonraíonn Alt 949N, ACC 1997 na cúiseanna sin a fhágann gur féidir leis na Coimisinéirí Achomhairc diúltú glacadh le hachomharc.

Achomharc Cinntithe	Tá breithniú déanta ag an gCoimisinéir Achomhairc faoin gceist agus tá a bhreithniú curtha in iúl do na páirtithe aige.
P.O.C.	Príomhoifigeach Cúnta
ARC&C	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste
CCB	Comhdháil Chásbhainistíochta
Córas Cásbhainistíochta	Bunachar sonraí a bhfuil le fáil ann sonraí faoi gach achomharc, idir chinn oscailte agus chinn dhúnta.
O.C.	Oifigeach Cléireachais
O.F.	Oifigeach Feidhmiúcháin
ICDSA	Ionad Comhairle Dlí Saor in Aisce
SCA	Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
Éisteacht tosaithe agus curtha ar athló	Tá san áireamh anseo achomhairc mar ar cuireadh tús leis an éisteacht agus mar ar cuireadh ar athló í ar chúis amháin acu seo ar a laghad: le haghaidh cinntiúcháin; le haghaidh tuilleadh éisteachta; le haghaidh faisnéise breise; le haghaidh doiciméadúcháin bhreise; le haghaidh aighneachtaí breise; le haghaidh freastail fhinnéithe.
A.O.F	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
AD	Acmhainn Dhaonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
Achomhairc Thosaigh-Leantacha	Tréith de chuid na n-achomharc seo ná gur cuid de ghrúpa achomharc iad a bhaineann le pointí dlí agus fírice den chineál céanna. I gcásanna áirithe,

	beidh páirtithe na n-achomharc seo ag reáchtáil cáis tástála ón nGrúpa, agus is dócha go mbeidh an cinneadh a dhéanfar dó cinntitheach do na hachomhairc eile sa Ghrúpa.
Achomhairc oidhreachta	Achomhairc a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim roimh bhunú TAC. Aistríodh na hachomhairc oidhreachta seo chuig TAC le linn dara leath 2016.
Fógra Achomhairc	Dearbhaíonn Alt 949 de ACC 1997 nach mór gach iarratas ar achomhairc do TAC a chur faoinár mbráid trí chomhlánú Fógra Achomhairc.
Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	‘OCA’. Roimh bhunú TAC, tháinig an comhlachas seo os comhair na cúirte le breithniú achomharc cánach. Le feidhm ó 21 Márta 2016 ní hann d’Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc a thuilleadh.
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
Achoimre argóintí	‘AA’. Cuireann Alt 949S, ACC 1997 ar chumas na gCoimisinéirí Achomhairc Achoimre Argóintí a iarraidh a bhfuil sé i gceist ag páirtí bheith ag brath uirthi ag éisteacht an achomhairc
SCP	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
P.O.	Príomhoifigeach
Achomhairc roimh an mbunú	Achomhairc a bhí ar láimh in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc roimh 1 Eanáir 2016.
ISCP	Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla
Candam	An tsuim chánach a bhfuil aighneas ann faoi, a bhfuil i gceist léi an difríocht idir an measúnú agus an méid a measann an tAchomharcóir a bheith dlite.
OCI	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
CAS	Comhaontú Seirbhíse

Ráiteas Cáis 'RC'. Cuireann Alt 949Q, ACC 1997 ar chumas na gCoimisinéirí Achomhairc treoir a dhéanamh a chuireann iachall ar pháirtithe Ráiteas Cáis a chur faoina mbráid.

Is é an Ráiteas Cáis chéad chéim an phróisis achomharc tar éis lóisteáil an Fhógra Achomhairc. Leagann an doiciméad seo na fíorais agus an fhianaise sin amach a bhfuil páirtí ag súil lena bheith á chur i láthair ag an éisteacht le tacú leis an achomharc.

TAC An Coimisiún um Achomhairc Chánach

TÉARMAÍ A BHAINNEANN LE CÚRSAÍ CÁNACH

RSB	Ranníocaíocht Shaorálach Bhreise
SCC	Sochar Comhchineáil
CFC	Cáin Fháltas Caipitiúil
Tairseach CFC Grúpa (a)	An tairseach do dhíolúine CFC maidir le bronnantais ó thuismitheoir, chuig páiste
ACCFC 2003	An tAcht Comhdhlúite Chánach Fáltas Caipitiúil 2003
CGC	Cáin Ghnóthachan Caipitiúil
CC	Cáin Chorporáide
CCÚT (DIRT)	Cáin Choinneála ar Ús Taisce
CSD	Cáin Shiarchoinneálach ar Dhíbhinní
DFI	Dreasacht Fhostaíochta & Infheistíochta
DAT	Dreasacht Athchóirithe Tí
CI	Cáin Ioncaim

CMÁ	Cáin Mhaoine Áitiúil
PDMO	Praghas Díola Margaidh Oscailte
ÍMAT	Íoc Mar a Thuillir
PREM	ÍMAT & ÁSPC íoctha ag an bhfostóir
ÁSPC	Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa
CSSG	Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla
CCI	Cáin Chonartháí Iomchuí
CCCLDS	Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil
AGNF (SURE)	Aisíocaíochtaí Gnólachtaí Nuathionscanta d'Fhiontraithe
ACC	An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, faoi mar a leasaíodh é
DIC	Deimhniú Imréitigh Cánach
MSU	An Muirear Sóisialta Uilíoch
ACCBL 2010	An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, faoi mar a leasaíodh é
CCF	Cáin Chláraithe Feithiclí

Athchóiriú Chóras na nAchomharc Cánach

Tar éis ceangaltais i gCáinainnéis 2014 ag an Aire Airgeadais chun athchóiriú a dhéanamh ar ról, ar fheidhmeanna agus ar struchtúr Oifig na gCoimisinéirí Achomharc, bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach ar 21 Márta 2016. Cuireadh an Coimisiún um Achomhairc Chánach in áit Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc.

Bhí gnéithe éagsúla na socruithe a bhaineann le feidhmiú an chórais achomharc cánach ina n-ábhar breithnithe ag comhlachais éagsúla le thart ar 15 bliana anuas. Áirítear orthu seo Coiste Oireachtais na gCuntas Poiblí, Fiosrúchán DIRT, an Grúpa um Chumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim, Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí faoi Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Choimisinéirí Ioncaim; agus an Coimisiún um Chánachas. Ina theannta sin, b'ann do mholtaí maidir le hathruithe sa chóras achomharc ó chomhlachais ionadaíocha agus rinne roinnt tuarascálacha moltaí faoin réimse seo le linn na tréimhse sin.

Thug an tAire athchóirithe isteach maidir le próiseas na n-achomharc cánach chun meicníocht achomhairc fheabhsaithe agus éifeachtach ó thaobh costais de a chinntiú le haghaidh cásanna cánach, ag soláthar trédhearcachta agus cinnteachta méadaithe do na hócóirí cánach, agus le cinntiú gur chloígh fóram na n-achomharc leis na riachtanais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta atá mar chuid d'Alt 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine; sa chomhthéacs seo, cé nach bhfuiltear ag cur in iúl in aon chor gurbh ann do chlaontacht iarbhír faoin seanchóras, tá sé tábhachtach go bhfuil na Coimisinéirí Achomhairc go hiomlán neamhspleách agus nach ann d'aon chlaonadh iarbhír ná braite i bhfeidhmiú an chórais Achomharc.

Áirítear ar na príomhathchóirithe a tugadh isteach-

- Fothacaíocht reachtúil neamhspleáchas TAC
- Fócas nua ar chásbhainistiú solúbtha agus gníomhach
- Rogha a bheith againn cinntí a dhéanamh bunaithe ar aighneachtaí scríofa i gcás ceisteanna simplí, faoi réir ag comhaontú pháirtithe na n-imeachtaí
- Éisteachtaí poiblí mar an rogha réamhshocraithe, cé gur féidir go n-iarrfadh achomharcóir go dtionólfai éisteacht nó cuid d'éisteacht go príobháideach
- Foilsiú na gcinntí
- An cumas achomhairc a chaitheamh amach nuair nach gcloíonn cáinócóir, mar shampla, leis na treoracha a thugtar ag na Coimisinéirí Achomhairc maidir le cur i gcrích na n-imeachtaí
- Tréimhse shocraithe in-athnuaite oifige na gCoimisinéirí Achomhairc, a mhairfeadh 7 mbliana
- Tabhairt isteach riachtanais go ndéanfadh TAC tuarascálacha bliantúla

- Tá socruithe na gCoimisinéirí Achomhairc críochnaitheach agus dochloíte anois. Cumas ann achomharc a dhéanamh don Ardchúirt ar phointe dlí amháin agus ní maidir le fíricí cáis
- Níosann imeachta feabhsaithe cásbhainistíochta, lena n-áirítear an chumhacht raon leathan feidhmeanna idirbhreitheacha a chinneadh, chun sreabhadh achomharc níos éifeachtaí agus níos struchtúrtha a éascú

Bonn reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Comhlachas reachtúil neamhspleách atá i TAC a bhfuil de chúram air próiseas achomharc nua-aoiseach agus éifeachtach a sholáthar maidir le héisteacht agus le breithniú aighneas cánach, i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta ábhartha.

Is í an reachtaíocht faoi thrácht ná an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, faoi mar a leasaíodh é, agus reachtaíocht ghaolmhar.

Shínigh an tUachtarán an doiciméad ar 25 Nollaig 2015 a bhronn feidhm dlí leis an Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015. Shínigh an tAire Airgeadais na horduithe ábhartha um thosach feidhme le go mbeadh feidhm leis na forálacha nua reachtaíochta ar 26 Feabhra 2016. Ar 21 Márta 2016 bunaíodh TAC agus tháinig feidhm leis an réimeas nua do phróiseáil achomharc cánach.

Déanann Alt 10 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 soláthar sonrach dó go mbeidh an Coimisiún agus a chuid ball neamhspleách i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna. Ina theannta sin, soláthraíonn forálacha éagsúla in Acht 2015 cumhachtaí do na Coimisinéirí chun cásanna a bhainistiú ar bhealach níos gníomhaí ná mar a rinneadh san am atá thart, rud a threisiúnn feidhmiú neamhspleách an phróisis achomharc.

Faoi láthair cuimsíonn an Coimisiún beirt Choimisinéirí Achomhairc a ceapadh ag an Aire Airgeadais, Coimisinéir sealadach Achomhairc agus roinnt bhall foirne riaracháin a thacaíonn leis na Coimisinéirí ina gcuid oibre.


Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Is é príomhról TAC ná achomhairc a bhreithniú, a éisteacht agus a chinneadh in aghaidh shocruithe agus chinntí na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaineann le cánacha agus dleachtanna. Leagtar síos feidhmeanna sonracha na gCoimisinéirí Achomhairc in Alt 6 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

Agus a gcuid feidhmeanna á gcur i gcrích acu, tá dualgas ar na Coimisinéirí Achomhairc cinntiú go bhfuil imeachtaí a thagann os a gcomhair inrochtana, cothrom agus iad curtha i bhfeidhm ar bhealach chomh gasta agus is féidir.

Tá le fáil in Acht 2015 roinnt forálacha a bhfuil i gceist leo taca a chur faoi neamhchlaontacht agus neamhspleáchas na gCoimisinéirí i gcleachtadh a gcuid feidhmeanna, agus na rudaí sin a chumhdach, lena n-áirítear *inter alia*, alt 3 a bhunaíonn an Coimisiún mar chomhlacht corparáideach, alt 6 a leagann síos feidhmeanna na gCoimisinéirí Achomhairc agus alt 10 a chuireann iachall ar an gCoimisiún bheith neamhspleách maidir le cur i gcrích a chuid feidhmeanna.

Cairt Eagraíochta



Achomhairc Reatha

Do chuspóirí na tuarascála seo, is é atá i gceist le “hAchomhairc reatha” ná iad sin a fuarthas ar nó tar éis 1 Eanáir 2016.

Déantar achomhairc reatha a fháil, a phróiseáil agus a chinneadh i gcomhréir le forálacha Ailt 40A de ACC 1997. Le linn 2017 chuir TAC athbhreithniú i gcrích ar na céadta comhad achomhairc reatha agus rinne sé socruithe (agus nuair ba chúil sin, thug sé treoracha) maidir le tionól Comhdhálacha Cásbhainistíochta, ag lorg tuilleadh eolais agus/nó ráitis cáis agus/nó achoimrí argóna. Nuair a bhí a leithéid indéanta, rinneadh achomhairc a liostáil le haghaidh éisteachta.

I 2016 fuarthas 901 achomharc den chineál seo agus fuarthas 1,751 achomharc eile le linn 2017.

Tá anailís mhionsonraithe faoin gcineál achomharc a fuarthas mar chuid den chaibidil faoi “Staitisticí”. Tá sé le feiceáil uaidh sin gur tharla méadú i leibhéal na n-achomharc Cánach Ioncaim; achomhairc den chineál sin is cúis le beagnach leath de na hachomhairc a fhaightear ag TAC anois. Léiríonn na staitisticí freisin gurb ann do chineálacha an-éagsúla achomhairc a fhaightear, mar shampla i dtaca le castacht na gceisteanna, blianta na measúnuithe agus rannpháirtíocht achomharcóirí iomadúla.

Dúnadh 481 achomharc reatha le linn 2017, agus astu sin bhain 222 le hachomhairc a fuarthas i 2016 agus bhain 259 le hachomhairc a fuarthas i 2017.

Rinneadh 26 achomharc reatha a liostáil le haghaidh éisteachta le linn 2017 agus eisíodh 11 chinneadh tar éis na n-éisteachtaí sin. As na 15 cinn eile, tá naoi gcinn ag fanacht le cinneadh, socraíodh 2 chinn díreach roimh éisteacht nó ina diaidh, agus cuireadh 4 cinn ar athló ar iarratas na bpáirtithe.

Achomhairc thosaigh a bhí i gcuid de na hachomhairc reatha a bhí liostaithe le haghaidh éisteachta le linn 2017, a rachaidh an cinneadh a dhéantar dóibh i bhfeidhm ar roinnt achomharc eile; mar shampla, is dócha go mbeidh tionchar ag achomharc reatha amháin ar éisteacht leis i Mí na Samhna 2017 agus atá ag fanacht le cinneadh, ar thoradh thart ar 350 achomharc breise.

Dála gach gné eile de chuid feidhmeanna TAC, bhí ár gcumas achomhairc reatha a chur chun cinn srianta ag na hacmhainní teoranta a bhí ar fáil againn. D'éascair moill i gcur chun cinn na n-achomharc de bhun na n-iarratas iomadúil a fuarthas ag an gCoimisiún ó pháirtithe a bhí ag lorg síneadh ama do sheachadadh ráiteas cáis, achoimrí argóintí, doiciméid nó faisnéis eile. Dá réir sin, agus muid ag cuimhneamh ar an dualgas reachtúil atá orainn deis a thabhairt do pháirtithe achomhairc na hachomhairc a réiteach trí chomhaontú nuair is féidir sin, cuirfidh foireann mhéadaithe ar chumas TAC iachall a chur ar dhaoine cloí níos fearr leis na srianta ama sin a fhorchuirtear ar pháirtithe maidir leis na teoracha a thugtar.

Achomhairc Oidhreachta

Rinneadh achomhairc oidhreachta a phróiseáil i dtús báire ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhréir le forálacha ailt 31 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 agus, nuair nár bh fhéidir socrú a chomhaontú, cuireadh ar aghaidh chuig TAC iad lena bpróiseáil i gcomhréir le Cuid 40A de ACC 1997. Níorbh fhéidir 2,731 achomharc oidhreachta a shocrú agus aistríodh iad ag na Coimisinéirí Ioncaim chuig TAC i ndara leath 2016.

Le linn 2016, tugadh faoi obair ullmhúcháin chun cabhrú le cur chun cinn achomharc oidhreachta. Cheadaigh an tAire Airgeadais soláthar acmhainní breise pearsanra chun cabhrú leis an gCoimisiún lena ualach oibre breise substaintiúil agus go háirithe, leis na hachomhairc oidhreachta. Tugadh faoi réamhobair maidir le hearcú Coimisinéirí Sealadacha Achomhairc, agus é i gceist Coimisinéirí Sealadacha a cheapadh le linn 2017. I Mí Mheithimh 2017, chuireamar fáilte roimh cheapachán Conor Kennedy BL mar Choimisinéir Sealadach Achomhairc.

I ndara leath 2017, cuireadh tús le hobair ar aithint cheisteanna sna hachomhairc oidhreachta agus rinneamar breithniú faoin tslí ab fhearr inarbh fhéidir an grúpa seo achomharc a chur chun cinn. Tar éis dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaid agus ar an obair ghrúpála a bhí curtha i gcrích ag na Coimisinéirí Ioncaim cheana féin, d'aithin TAC gur achomhairc iomadúla ag achomharcóirí a bhí i gceist le thart ar 1,568 cinn de na hachomhairc agus gurbh fhéidir iad a ghrúpáil dá réir sin. Agus an t-athbhreithniú seo curtha san áireamh, ba é líon na n-achomharcóirí aonair a rinne na 2,731 achomharc oidhreachta ná 1,163.

Ina lán cásanna níor leor an fhaisnéis tacaíochta agus na doiciméid i dtaca le nádúr agus le stádas na n-achomharc oidhreachta agus i gcéad leath 2017, mar sin de, d'iarr an Coimisiún ráitis cháis ó pháirtithe ábhartha. Tar éis dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar na doiciméid seo, ba léir nach raibh ach líon beag achomharc oidhreachta réidh lena sceidealú le haghaidh éisteachta.

Ós rud é go raibh na hachomhairc oidhreachta gan réiteach le tamall anuas sular aistríodh go TAC iad, bhí sé riachtanach ní amháin ráitis cháis a lorg ach ba ghá freisin fáil amach an raibh na hachomhairc fós ar siúl agus, más amhlaidh go raibh, arbh fhéidir réiteach a chur chun cinn. Sceidealaigh TAC sraith chomhdhálacha cásbhainistíocha chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo.

I dtéarmaí éisteachtaí agus cinntí, d'éisigh an Coimisinéir Kennedy cúig chinneadh i ndara leath 2017. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim achomharc faoi dhá cheann de na cinntí seo, trí mheán cáis dearbhaithe.

Tar éis tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh ar na hachomhairc oidhreachta, d'aithníomar 13 achomharc den chineál tosaigh-leantach, lenar bhain 441 achomharcóir. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le próiseáil na n-achomharc seo i gcomhréir leis an gcreatlach reachtúil, agus táthar ag dréim leis go dtabharfar dhá scéim chun críche, agus 112 achomharcóir rannpháirteach iontu, go gairid tar éis deireadh na bliana. Maidir leis na 11 ghrúpa eile, ina bhfuil 329 achomharcóir rannpháirteach, táthar ag dréim leis go mbeimid in ann éisteachtaí a sceidealú go réidh nuair a bheidh TAC aistrithe chuig áitreabh nua, agus má bhíonn níos mó ball foirne againn le cabhrú le gach ní.

Faoi dheireadh na bliana, tugadh 182 achomharc chun críche de thoradh ar chinneadh, ar shocrú, ar aistarraingt nó ar chaitheamh amach.

Faoi mar ar cuireadh béim air ar fud na tuarascála seo, cuireadh isteach ar an ráta dul chun cinn achomharc (achomhairc oidhreachta san áireamh) i gcomhréir leis an gcreatlach reachtúil leis na hachomhairc chéanna a phróiseáil, ar sceidealú éisteachtaí agus ar tháirgeadh cinntí ag an líon an-bheag foirne agus ag an méid an-bheag acmhainní atá ar fáil ag TAC. Is ábhar mór inní ag an gCoimisiún é seo, agus ag dáta dréachtaithe na tuarascála seo, leanaimid orainn de bheith ag feidhmiú le hacmhainní foirne nach leor iad.

Achomhairc Roimh an mBunú

Do chuspóirí na tuarascála seo, is achomhairc iad achomhairc roimh an mbunú a bhí ar láimh in OCA roimh 1 Eanáir 2016. Bhí i gceist leo sin achomhairc a aistríodh chuig OCA ó na Coimisinéirí Ioncaim agus é i gceist go gcuirfeadh OCA an éisteacht i gcrích. Is nós leo bheith casta ó thaobh nádúir de agus, den chuid is mó, beidh éisteacht riachtanach ós rud é nach dócha go ndéanfar socrú idir na páirtithe.

Éisteadh le cuid de na hachomhairc seo go páirteach ag OCA agus tá, mar sin de, an tslí shonrach ina bhfuil siad le cur chun cinn le fáil in ailt 27 agus 28 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015. I gcúinsí áirithe, is féidir go rachaidh an tAchomharcóir ar aghaidh leis an achomharc faoi na rialacha agus na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm roimh bhunú TAC.

Cuirtear tuilleadh le castacht na n-achomharc seo ag aois na n-achrann agus ag na blianta measúnaithe atá faoi achomharc. Téann roinnt ceisteanna gan réiteach chomh fada siar le 1996. Cuimsíonn na hachomhairc roimh an mbunú freisin gach cineál de cheannteideal cánach, creidmheas cánach agus faoiseamh cánach agus, ina lán cásanna, blianta iomadúla measúnaithe. I mórchuid na n-achomharc seo, tá luach de bhreis is €30,000 ag baint le méid na cánach a bhfuil aighneas ann faoi.

Ní raibh na hacmhainní ag TAC i 2017 le déileáil leis na ceisteanna seo go sásúil, ós rud é go n-éilíonn na hachomhairc roimh an mbunú athbhreithniú agus anailís shuntasacha, ag cur san áireamh a n-aois agus go ndearnadh iad a phróiseáil roimhe seo ag OCA, agus ag cur san áireamh na bearta sin ar ghá athbhreithniú a dhéanamh orthu agus breithniú a dhéanamh fúthu. Ina ainneoin sin is uile, faoi dheireadh 2017, bhí an Coimisiún in ann réamhathbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na gcomhad agus na hachomhairc a logáil isteach inár gcóras cásbhainistíochta. Bhíothas in ann achomhairc a aithint a dhúnfaí go gairid nó a bhí dúnta cheana féin, agus dá bharr sin ba é an suíomh i 2017 ná gurbh ann do 278 achomharc den chineál seo ag tús na bliana agus síos tríd an tréimhse seo:

tionóladh 24 éisteacht;
cinneadh 19 achomharc;
aistarraingíodh 2 cheann;
socráodh 8 gcinn idir na páirtithe;
caitheadh 1 amach; agus

as na 248 achomharc sa chatagóir seo a bhí fós ar oscailt ag deireadh 2017, bhain 32 le grúpa achomharc ar dócha go rachaidh toradh cinn amháin acu i bhfeidhm ar na 32 acu.

Cásanna Dearbhaithe

Déanann Alt 949AP ACC 1997 soláthar dó gur féidir go gcuirfeadh páirtí atá míshásta le cinneadh TAC ar an gcúis go bhfuil an cinneadh earráideach ar phointe dlí, go gcuirfeadh sé iachall ar an gCoimisinéir Achomhairc cás a dhearbhu agus a shíniú do thuairim na hArdchúirte.

Le linn 2017, rinneadh 3 iarratas le haghaidh achomhairc trí mheán cáis dearbhaithe. Sna 3 chinneadh, d'éirigh leis an Achomharcóir, agus iarradh na hachomhairc trí mheán cáis dearbhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. D'éascair na hiarratais sna hachomhairc seo a leanas:

- **10TACD2017** – Bhain an t-achomharc seo le héileamh ar dhíolúine tí cónaithe ón gCáin Fháltas Caipitiúil, de bhun ailt 83 de ACCFC 2003. Fuair an tAchomharcóir teach an teaghlaigh le hoidhreacht in éineacht le tiomnacht leasa i gceithre réadmhaoin eile de chuid eastát an duine éagtha. Rinneadh gach réadmhaoin acu a chinneadh tríd an gclásal fuíll san Uacht agus is leagáid iarmharach a bhí iontu. Mheas an cinneadh nár chiallaigh tiomnacht an leasa sna ceithre réadmhaoin eile go raibh an tAchomharcóir, ag dáta na hoidhreachta, *‘i dteideal leasmhar ... aon leasa eile in aon teach cónaithe eile’* (laistigh de chiall ailt 86(3)(b)), ós rud é nach raibh sí i dteideal leasmhar an réadmhaoin seo a fháil go dtí go bhfaighfí amach cad é an glaneastát, rud a tharla roinnt míonna tar éis dáta an chomharbais.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim a gcuid míshástachta leis na cinntí in iúl agus d'iarr siad ar an gCoimisinéir Achomhairc cás a dhearbhu agus a shíniú do thuairim na hArdchúirte.

- **17TACD2017 agus 18TACD2017** – Bhain an dá achomharc seo le teidlíocht na nAchomharcóirí do chreidmheas cánach an fhostaí, de bhun ailt 472 ACC 1997, maidir leis an gcáin a eascraíonn as an méadú ar ráta an phinsin seanaoise (ranníocaigh). Ba é tátal na gcinntí gur éiligh alt 14 den Acht Leas Shóisialaigh agus Pinsean 2007 go n-íocfaí an pinsean méadaithe go díreach leis an *“duine fásta cáilithe”*, rud a raibh d'éifeacht aige an teidlíocht leasmhar a leithéid d'ioncam a bhronnadh ar an *“duine fásta cáilithe”* agus, dá thoradh sin, bhí banda an ráta chaighdeánaigh le méadú agus teidlíocht chomhfhreagrach do chreidmheas cánach an fhostaí le cur i bhfeidhm ar an gcáin ag eascirt as a leithéid d'ioncam.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim a gcuid míshástachta leis na cinntí in iúl agus d'iarr siad ar an gCoimisinéir Achomhairc cásanna a dhearbhu agus a shíniú do thuairim na hArdchúirte.

Chomh maith leis na trí iarratas thuasluaite do chásanna dearbhaithe, bhí 72 chás roimh an mbunú dearbhaithe ar láimh ag TAC le linn 2017, .i. achomhairc a cinneadh agus nuair a rinneadh iarratais ar chás dearbhaithe ag páirtí míshásta, roimh bhunú TAC. Tá na cásanna roimh an mbunú dearbhaithe seo á bpróiseáil ag TAC i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha atá le fáil in ailt 29 agus 30 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015. Ag deireadh 2017, bhíothas tar éis líon na gcásanna roimh an mbunú dearbhaithe ar láimh a laghdú go 43.

Forléargas ar Chinntí

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur tráchttaireacht atá sa chaibidil seo a chuireann béim ar cheisteanna ábhartha i gcomhthéacs na gcinntí go ginearálta. Le haghaidh faisnéise mionsonraithe ar gach cinneadh foilsithe iarrtar ort féachaint ar ár suíomh gréasáin ag www.taxappeals.ie

Achomhairc Thosaigh-Leantacha

Más rud é go n-easaontaíonn cáiníocóirí le cinneadh in achomharc tosaigh-leantach, i gcúinsí ina bhfuil siad mar pháirtí ag achomharc sa ghrúpa tosaigh-leantach, is féidir leo iarratas a chur isteach chun fíricí agus cúinsí a n-achomhairc a idirdhealú ón achomharc a cinneadh agus is féidir go ndéanfaidh siad iarracht go n-éistfí lena n-achomharc go neamhspleách, le tagairt d'fhorálacha ailt 949AN ACC 1997.

Ar ócáidí eile, is féidir achomharc aonair a chinneadh ag TAC i gcúinsí mar nach bhfuil na hachomhairc leantacha os comhair an Choimisiúin fós. Is féidir go mbeidh de thoradh ar chinneadh sna cúinsí seo réiteach na gceisteanna dlí d'ábhar eile achomharcóirí.

Ina theannta sin, is féidir go soiléireoidh achomharc nár thosaigh amach mar achomharc tosaigh-leantach an dlí ar bhealach ar dócha go rachaidh sé i bhfeidhm ar cháiníocóirí eile. Ní achomhairc thosaigh-leantacha iad na hachomhairc seo, déanta na fírinne, ach is féidir go rachaidh siad i bhfeidhm ar cháiníocóirí iomadúla atá sa suíomh céanna.

Bíonn achomharcóirí iomadúla rannpháirteach i roinnt achomharc. Bíonn siad seo éagsúil ó achomhairc thosaigh-leantacha, ós rud é gur lú páirtí a bhíonn páirteach iontu. Is féidir go n-éistfí leo le chéile in éisteacht amháin, agus cinntí ar leith ag eascairt astu (féach na cinntí **02TACD2016**, **03TACD2016** agus **04TACD2016**) nó, má bhíonn cúinsí gach cáiníocóra cosúil lena chéile, is féidir go n-aontódh na hAchomharcóirí go gcuirfidh cinneadh amháin ceangal ar na hAchomharcóirí ar fad (féach na cinntí **10TACD2016**, **14TACD2016** agus **12TACD2017**).

Áirítear ar na hachomhairc thosaigh-leantacha a cinneadh go dtí seo: 03TACD2017, 10TACD2016 agus 2TACD2018. Ag dáta foilsithe na tuarascála seo, tá breithniú á dhéanamh faoi roinnt achomharc tosaigh-leantach eile.

Achomhairc chasta/shubstaintiúla

Bíonn achomhairc an-éagsúil ar fad i dtéarmaí a n-ábhair, a substainte, a gcastachta agus a luacha. Ós rud é nach bhfuil aon srian i bhfeidhm ar dhlínse airgeadais TAC, cinneann an Coimisiún achomhairc mar a bhfuil na suimeanna cánach a bhfuil aighneas ann fúthu neamhshubstaintiúil (sa chinneadh 02TACD2017, ba é luach na suime a raibh aighneas ann faoi ná €214) agus substaintiúil (sa chinneadh 24TACD2017 ba é luach na suime a raibh aighneas ann faoi ná thart ar €129,000,000) agus mar a bhfuil na ceisteanna dlí casta agus neamhchasta.

Le linn an phróisis tosaigh riaracháin, aithnítear achomhairc mar casta nó neamhchasta. Faoi láthair, áfach, ní hann d'aon chóras foirmeálta cisealaithe do shruthú achomharc laistigh de TAC ar chúiseanna castachta nó luacha. Tuigimid go ndearnadh iarratais maidir le próiseas cisealaithe éisteachta agus breithiúnais. D'éascair a lán de na hiarratais seo as ár bpróiseas poiblí comhairliúcháin i Mí Mheán Fómhair 2017. Bhíomar sásta na tuairimí agus na moltaí seo a fháil, ós rud é gur aontaigh siad le tuairimí a bhí againn cheana, agus déanfaimid ár ndícheall córais agus infrastuchtúr an Choimisiúin a fhorbairt ar an tslí is fearr a dhéanann freastal ar riachtanais ár gcuid páirtithe leasmhara.

Agus an tuarascáil seo á foilsiú, leanaimid orainn de bheith ag cur brú le go bhfaighimis níos mó acmhainní agus buiséad méadaithe. Táthar ag súil leis gur féidir linn, leis na hacmhainní riachtanacha, bearta a dhéanamh i dtreo cur chuige cisealaithe, bunaithe ar bhreithnithe lena n-áirítear castacht dlí, luach na suimeanna cánach a bhfuil aighneas ann fúthu agus aois na n-achomharc.

Candam

Tagann líon suntasach achomharc os comhair TAC, mar nach mbaineann an cheist atá faoi achomharc le míniú fhoráil na nAchtanna Cánach, ach mar a mbaineann an t-aighneas idir na páirtithe le cantam an ioncaim inchánach a tuilleadh agus/nó candam asbhainte a bhfuiltear á lorg (féach na cinntí **31TACD2017**, **06TACD2017** agus **09TACD2017**).

Éilíonn na hachomhairc seo athbhreithniú mionsonraithe ar leabhair agus ar thaifid cheird nó ghnó an Achomharcóra. Tá ceangal ar achomharcóirí ní amháin doiciméid a choimeád i gcomhréir leis na forálacha reachtúla riachtanacha (alt 886 ACC 1997 agus alt 84 ACCBL 2010), ach freisin a leithéid de dhoiciméid a tháirgeadh agus a bheadh riachtanach. In achomharc cánach, mura n-éiríonn leis an Achomharcóir léiriú go bhfuil an measúnú mícheart, seasfaidh an measúnú céanna.

I gcinneadh 09TACD2017, rinneadh measúnú ar an Achomharcóir do cháin ioncaim maidir le sraith shonrasc ar iarraidh. Ba é aighneacht an Achomharcóra nár bhain aon cheann de na sonraisc a bhí ar iarraidh le hobair íoctha do na tréimhsí ábhartha measúnaithe. Ós rud é, áfach, nár chuir an tAchomharcóir na sonraisc ar fáil, ní raibh sé

in ann cruthú gurbh amhlaidh a bhí an cás. Dá thoradh sin níor éirigh leis an Achomharcóir an dualgas cruthúnais a chomhlíonadh, agus níor éirigh leis ina achomharc. Cuireann an cás seo béim ar an riachtanas atá ann le go dtuigfeadh na cáiníocóirí gur orthusan atá an dualgas cruthúnais in achomharc cánach agus nach mór dóibh doiciméid a chur ar fáil a thacaíonn leis na cásanna sin ar mian leo iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Éilimh ar aisíocaíocht chánach agus an tréimhse cheithre bliana teorann reachtúla

Déantar foráil leis na tréimhsí teorann reachtúla atá infheidhme le cáiníocóirí atá ar lorg aisíocaíocht chánach go gcaithfear éilimh ar aisíocaíocht a dhéanamh laistigh de cheithre bliana tar éis deireadh na dtréimhsí cánach lena mbaineann siad. Is é an dáta ábhartha an dáta ar a ndéantar éileamh bailí ar dtús; féach alt 865 ACC 1997 agus alt 99 ACCBL 2010.

Nuair a dhearbhaítear go ndearnadh éileamh bailí nó nuair a ghlacann an cáiníocóir go ndearnadh éileamh bailí lasmuigh den tréimhse ceithre bliana, seasfaidh TAC le diúltú an éilimh ar aisíocaíocht, mar déantar foráil leis an reachtaíocht nach mór éileamh bailí a dhéanamh laistigh den tréimhse reachtúil ceithre bliana.

Má tá páirtithe san achomharc ar mhalairt tuairime maidir leis an dáta ar a ndearnadh éileamh bailí, tá cás conspóide ann agus d'fhéadfadh cinneadh i bhfabhar ceachtar den dá pháirtí a bheith ina thoradh air sin, ag brath ar fhíricí an achomhairc. Má aontaíonn na páirtithe, áfach, go ndearnadh an t-éileamh lasmuigh den tréimhse ceithre bliana, ní éireoidh le héileamh an Achomharcóra.

Sna cinntí arna bhfoilsíú maidir leis an riail ceithre bliana, léirigh TAC go gcloíonn sé leis an teanga reachtúil shoiléir arna húsáid chun a chinntiú go gcuirtear an riail ceithre bliana i bhfeidhm go haonghnéitheach. Níl an t-údarás ag TAC cur i bhfeidhm na rialach a dhiúltú mar gheall ar imthosca maolaitheacha, nó chun eisceachtaí a chruthú don riail ceithre bliana ar fhorais atruacha. Tá na cinntí ar aon dul leis an reachtaíocht agus ní dhéantar foráil leo maidir le heisceachtaí don riail, nuair nach ndéantar an t-éileamh ar aisíocaíocht laistigh den tréimhse reachtúil ceithre bliana.

Tá TAC ag súil leis go ndéanfar fónamh le foilsíú na gcinntí maidir leis an riail ceithre bliana chun líon na n-achomharc seo a laghdú thar am (féach na cinntí **2TACD2017, 8TACD2017, 11TACD2017, 26TACD2017, 18TACD2016, 19 TACD2016, 21 TACD2016** agus **26 TACD2016**).

Díolaíochtaí na Stiúrthóirí

Is féidir nach bhfuil cáiníocóirí a dhéanann achomharc i gcoinne measúnachtaí arna n-ardú faoi alt 997A ACC 1997 eolach faoi na srianta ar TAC maidir le déileáil lena leithéid d'achomhairc (féach na cinntí **30TACD2017, 31TACD2017** agus **23TACD2017**).

Déantar foráil le halt 997A(3) ACC 1997 nach dtabharfar creidmheas maidir le cáin arna baint as díolaíochtaí, arna n-íoc ag cuideachta do stiúrthóir dílsithe, mura bhfuil fianaise

dhoiciméadach ann le taispeáint go ndearnadh an cháin a baineadh as a aisíoc do na Coimisinéirí Ioncaim.

In achomhairc a rinneadh a chinneadh roimhe seo i gcomhthéacs alt 997A ACC 1997, ghlac na hAchomharcóirí nach ndearnadh cáin a bhí dlite a aisíoc do na Coimisinéirí Ioncaim, ach rinne siad achomharc ar fhorais chruatain mhíchuí; níl an t-údarás faoi dhlí ag TAC, áfach, measúnacht a chur ar ceal ar fhorais chruatain nó leatroid. Tá riachtanas ar an gCoimisiún gníomhú de réir na teanga reachtúla soiléire in alt 997A ACC 1997.

Tá TAC ag súil go ndéanfar achomhairc arna ndéanamh ar fhorais chruatain nó leatroid mar thoradh ar fhoráil reachtúil áirithe a laghdú thar am, de réir mar a dhéanfar feachtas a mhúscailt maidir le neamhábaltacht an Choimisiúin measúnachtaí a chur ar ceal ar na forais seo.

Díolúine um theach cónaithe – Cáin Fháiltas Caipitiúil

Baineann cinntí 07TACD2017 agus 10TACD2017 le díolúine ar a dtugtar ‘díolúine um theach cónaithe’ de ghnáth, de réir alt 86 CATCA 2003.

Is é a bhí i gceist le cinneadh 07TACD2017 ná éileamh ar dhíolúine i gcomhthéacs ceapacháin ó iontaoibh a bhain le gníomhais cheapacháin, gníomhais aistrithe agus gníomhais cheartaithe a fhorghníomhú. Leis an gcinneadh tugtar faoin dlí freisin maidir le hintinn, eascró agus seachadadh gníomhas i gcomhthéacs an achomhairc seo.

I gcinneadh 10TACD2017, fuair an tAchomharcóir an t-áras teaghlaigh trí oidhreacht agus d’éiligh sí díolúine ina leith de réir alt 86 CATCA2003. Fuair sí cion trí oidhreacht freisin i gceithre réadmhaoin eile in eastát a hathar nach maireann. Rinneadh conclúid leis an gcinneadh go raibh an t-éileamh ar an díolúine maidir leis an áras teaghlaigh ar fáil *prima facie* don Achomharcóir an 27 Deireadh Fómhair 2010, dáta na hoidhreachta, ós rud é gur chomhlíon an tAchomharcóir na critéir maidir le háitiú ar dháta na hoidhreachta agus le haghaidh trí bliana roimhe sin. Ní dhearnadh an tAchomharcóir a dhícháiliú ón díolúine a éileamh de bhun alt 86(3)(b), mar ní raibh an tAchomharcóir, ar dháta na hoidhreachta, ‘i dteideal go tairbheach..... maidir le leas ar bith in aon teach cónaithe eile’. De réir údarais na Cúirte Uachtaraí i dtaca le Gleeson v Feehan (Uimh. 2) agus O’Hagan v Grogan, níor éirigh an tAchomharcóir le bheith i dteideal maidir leis na réadmhaoin eile seo go dtí tráth nach luaithe ná Márta 2011, cúig mhí tar éis dáta na hoidhreachta. Dá réir sin, chinn TAC go raibh an tAchomharcóir i dteideal fónamh a bhaint as an díolúine um theach cónaithe maidir lena hoidhreacht den áras teaghlaigh.

D’iarr na Coimisinéirí Ioncaim ar TAC cás a shonrú agus a shíniú do thuairim na hArd-Chúirte maidir leis an gcinneadh sin, de bhun fhorálacha Chaibidil 6 de Chuid 40A ACC

1997. Rinneadh an cás sonraithe seo a dhréachtú agus a shíniú ag an gCoimisinéir an 1 Nollaig 2017.

Cáin Fháiltas Caipitiúil ar bhronntanais

I gcinneadh 13TACD2017, rinneadh gníomhais i leith réadmhaoine arna haistriú ag tuismitheoirí dá n-iníon agus dá gcliamhain a fhorghníomhú ar bhealach lena raibh dliteanas cánach ina thoradh air in imthosca nuair nach ndearnadh tairseach (a) grúpa na hiníne a úsáid ina hiomláine. D'fhéadfaí an dliteanas a sheachaint dá ndéanfaí na gníomhais a dhréachtú ar bhealach ionas gur léiríodh intinní maíte na bpáirtithe, eadhon, leas 39% i bhfabhar an chliamhain agus leas 61% in ainm a mhná.

Nuair a thugtar réadmhaoín mar bhronntanas, d'fhéadfadh iarmhairtí cánach a theacht chun cinn mura ndéantar an doiciméadúchán a fhorghníomhú ar bhealach ionas go dtugtar éifeacht d'intinní na bpáirtithe. Tugtar chun suntais leis na cinntí go bhfuil sé tábhachtach, i gcásanna a bhaineann le haistriú réadmhaoine, go smaoiníonn na cáiníocóirí faoi chomhairle iomchuí maidir le cáin agus an dlí a fháil, más gá (féach freisin cinntí **03TACD2016** agus **04TACD2016**).

Cáin Chláraithe Feithiclí

Faigheann TAC méid substainteach d'achomhairc gach bliain maidir le CCF.

Baineann cuid mhór de na hachomhairc le haighnis idir cáiníocóirí agus na Coimisinéirí Ioncaim, i dtaca leis an luach atá le cur i leith 'phraghas díola margaidh oscailte' ('PDMO') na feithicle (féach cinntí **05TACD2016**, **07TACD2016**, **22TACD2016**, **24TACD2016**, **23TACD2016**, **25TACD2016**, **19TACD2017**, **27 TACD2017**, **28TACD2017** agus **33TACD2017**). Tríd is tríd, is ionann an 'praghas díola margaidh oscailte' agus an praghas, gach cáin agus dleacht san áireamh, lena mbeifí ag súil go réasúnta go bhfaigheadh an fheithicil ar a céad díolachán ar neamhchomaoín sa Stát.

Ní chuireann roinnt de na hachomharcóirí luachálacha malartacha i láthair mar thaca leis an PDMO atá molta acu ach ina dhiaidh sin is uile, déanann siad iarracht an argóint a dhéanamh go bhfuil áibhéil déanta leis na luachálacha arna gcur ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim. Bíonn an dualgas cruthúnais in achomhairc CCF ar na hachomharcóirí sin ar mian leo dúshlán an PDMO a sannadh a thabhairt, mar an gcéanna le gach achomharc cánach.

Cé go ndéantar iarracht leis an gcuid is mó de na hachomhairc arna gcinneadh ar ábhar PDMO an PDMO a sannadh a laghdú, déantar argóint le cuid acu maidir le PDMO méadaithe (féach na cinntí **33TACD2017** agus **04TACD2017** a bhaineann le haisíocaíocht CCF de réir na scéime um aisíocaíochtaí easpórtála). Le hachomhairc CCF eile, tugadh faoi

éilimh ar fhaoiseamh i gcomhthéacs áit chónaithe a aistriú agus maidir le díolúine shealadach (féach **25TACD2017** agus **03TACD2017**).

Maidir le cinneadh 03TACD2017, achomharc tosaigh-leantach, tá 49 n-achomharc cosúla os comhair an TAC. Tá na hachomhairc sin ag céimeanna éagsúla dá gcur i gcrích de réir oibriú ailt 949U (breithiúnas gan éisteacht), 949AN (achomhairc lena ndéantar saincheisteanna coiteanna nó gaolmhara a ardú) agus 949T (comhdháil chásbhainistíochta) de ACC 1997. Déanfar na hachomhairc sin a chinneadh bunaithe ar na prionsabail atá i gcinneadh 03TACD2017, sa bhreis ar an dlí tíre agus Eorpach ábhartha.

Díolúine d'ealaíontóirí

I gcomhthéacs achomhairc a ghrúpáil a bhaineann le héilimh ar dhíolúine, faigheann TAC líon suntasach d'achomhairc gach bliain i dtaca le héilimh ar dhíolúine de bhun alt 195 ACC 1997, ar a dtugtar 'díolúine d'ealaíontóirí' de ghnáth. Roghnaíonn roinnt achomharcóirí go ndéantar breithiúnas ar a n-achomhairc gan éisteacht de réir alt 949U ACC 1997.

San áireamh le cásanna arna gcinneadh faoi alt 195 ACC 1997 tá na cinn a leanas:

- Cinneadh 15TACD2016 lena soiléirítear go raibh an léargas a sholáthair an tAchomharcóir maidir le hábhar a thiomsú le cur san áireamh lena cuid oibre neamhleor chun an tástáil um ábhar 'úrnua agus cruthaitheach' a chomhlíonadh faoi na treoirlínte atá i bhfeidhm, de réir alt 195 ACC 1997;
- Le Cinntí 17TACD2016 agus 20TACD2016 soláthraítear soiléiriú a bhaineann leis na critéir maidir le cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann saothar neamhficsin fo-alt 12(b)(ii) d'alt 195 ACC 1997. Déantar foráil leis an bhfo-alt sin do dhíolúine nuair atá an saothar bunaithe ar thaighde ó chartlann atá níos sine ná 30 bliain agus a bhaineann le hÉirinn;
- Le Cinneadh 20TACD2017 cuidítear leis an gciall a bhaineann le 'dírbheathaisnéis' a shoiléiriú;
- Le Cinneadh 21TACD2017 soiléirítear an cur chuige arna ghlacadh ag TAC nuair a thiteann saothar isteach i níos mó ná catagóir amháin de shaothair neamhficsin.

Táthar ag súil go ndéanfar fónamh le foilsiú na gcinntí sin, lena soiléirítear paraiméadair na gcatagóirí díolúintí éagsúla do scríbhneoirí, cumadóirí agus ealaíontóirí, chun líon na n-achomharc a fhaightear maidir le halt 195 ACC 1997 a laghdú thar am.

Ceannteidil chánach agus cinntí eile

Eisíodh cinntí freisin maidir leis na nithe a leanas:

Cáin chorparáideach

- Le Cinneadh 14TACD2016 leagadh síos nach bhfuil ardú measúnachtaí CT maidir le cuntais CBL agus ÍMAT a dhéantar a dhíluacháil i scrúdaitheoireacht coiscithe ag alt 24(6) Acht na gCuideachtaí (Leasaithe) 1990;
- Le Cinneadh 24TACD2017 leagadh síos maidir le corparáid baincéireachta a raibh baint aici le hairgeadas morgáiste a sholáthar, agus a d'athraigh úinéireacht agus a d'athraigh an trádáil dá cuid go seirbhísí bainistíochta um punann iasachtaí, gur scor sí de thrádáil chun críocha alt 396(1) ACC 1997. Rinneadh conclúid bhreise leis an gcinneadh go ndearnadh athrú mór ar nádúr na trádála agus ar iompar na trádála arna déanamh ag an Achomharcóir, laistigh de thréimhse 3 bliana ó athrú úinéireachta an Achomharcóra, de réir alt ACC 1997.

Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

- Le Cinneadh 01TACD2017, i gcomhthéacs CGT, leagadh síos gurbh ionann fáltas a bhí faighte ag an Achomharcóir ó chuideachta fuinnimh, maidir le sraith ceart a dheonú ar thalamh an Achomharcóra faoi fhoraoiseacht, agus suim chaipitiúil le haghaidh sócmhainn a úsáid nó a shaothrú, de réir alt 535(2)(a)(iv) ACC 1997 agus nach raibh aon “diúscairt coillearnaí” ann chun críocha alt 564 ACC 1997 agus nach raibh an díolúine infheidhme
- Bhain Cinneadh 34TACD2017 le hachomharc i gcoinne measúnachta i leith CFC agus soiléirítear na hasbhaintí leis atá ar fáil maidir le caiteachas feabhsúcháin ar dhíol réadmhaoin. Go háirithe, dearbhaítear leis nach ionann luach an ama phearsanta agus na hoibre pearsanta a chuirtear chun feidhme chun réadmhaoin a fheabhsú agus “caiteachas” chun críocha alt 552(1)(b) de TCA1997;
- Baineann Cinneadh 12TACD2017 le luacháil bonnchostas scaireanna chun críocha CFC. Leis an gCinneadh seo soiléirítear na prionsabail ábhartha maidir le luacháil a leithéid de scaireanna, lena n-áirítear an hipitéis reachtúil, lascainí mionlaigh agus an ceannaitheoir speisialta.

Cáin Fháltas Caipitiúil

- I gcomhthéacs fáltas caipitiúil, leagadh síos le Cinneadh 14TACD2017 nach ionann aisghlámadh faoisimh talmhaíochta agus ‘imeacht’ chun críocha alt 104 CATCA 2003, agus nach féidir a rá ach oiread gur tháinig an t-aisghlámadh agus an fáltas

caipitiúil chun cinn (maidir le diúscairt talún) maidir leis an ‘imeacht céanna’ chun críocha alt 104 CATCA 2003;

- Féach freisin na cinntí 02TACD2016, 03TACD2016, 04TACD2016, 12TACD2016, 07TACD2017, 10TACD2017, ar a ndéantar plé ar roinnt acu thuas.

Cáin Ioncaim

- Bhain Cinneadh 22TACD2017 le hachomharc i gcoinne diúltaithe maidir le faoiseamh scoir agus leagtar amach cur chuige TAC leis i dtaca leis an tástáil um ‘shochar trádála’ atá in alt 176(1)(a)(i)(I) agus an tástáil um ‘laghdú substaintiúil’ atá in alt 178(4) TCA1997. Sa bhreis air sin soiléirítear cur chuige an Choimisiúin leis maidir le saincheist an tseichimh ina ndéantar doiciméid a fhorghníomhú, in imthosca nuair a dhéantar líon mór doiciméad a fhorghníomhú ag an am céanna, nó laistigh de thréimhse ama an-ghairid;
- Sheas Cinneadh 15TACD2017 le measúnachtaí arna n-ardú ar an mbonn gur ardaíodh iad laistigh de cheithre bliana ó dheireadh bhliain na measúnachta ina ndearnadh na tuairisceáin a chomhdú. Soiléiríodh freisin leis an gCinneadh sin gurbh ionann ioncam cíosa an Achomharcóra agus comaoin le haghaidh úsáid eisiach an áitribh agus dá bhrí sin nárbh ionann é agus “suimeanna ábhartha” agus mar sin de, ní raibh sé faoi réir ag faoiseamh ‘seomra ar cíós’. Ina theannta sin, mar gheall ar mhainneachtain an Achomharcóra chun an t-áitreabh a áitiú mar an áit chónaithe aonair nó phríomhúil dá chuid, bhí sé eisiata as aon teidlíocht maidir le faoiseamh ‘seomra ar cíós’;
- Bhain Cinntí 17TACD2017 agus 18TACD2017 le teidlíocht i leith chreidmheas cánach an fhostaí, de bhun alt 472 ACC 1997, maidir le cáin de bharr méadú ar ráta an phinsin seanaoise (ranníocaigh). Rinneadh conclúid leis na cinntí go raibh sé riachtanach de réir alt 14 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007 go n-íoctar an pinsean méadaithe don “aosach cáilithe”, rud a raibh mar thoradh air teidlíocht thairbheach dá leithéid d’ioncam a bhronnadh ar an “aosach cáilithe” agus mar thoradh air sin, dhéanfaí banda an ráta chaighdeánaigh a mhéadú agus chuirfí teidlíocht chomhfhreagrach i leith chreidmheas cánach an fhostaí i bhfeidhm maidir le cáin de bharr a leithéid d’ioncam. Bhí na cinntí sin - 17TACD2017 agus 18TACD2017 – ina n-ábhair achomharc ar mhodh cáis shonraithe;
- Féach freisin na cinntí 01TACD2016, 06TACD2016, 09TACD2016, 13TACD2016, 18TACD2016, 19TACD2016, 21TACD2016, 26TACD2016, 06TACD2017, 08TACD2017, 09TACD2017, 11TACD2017, 26TACD2017, 29TACD2017, 31TACD2017 agus 32TACD2017, a bhfuil breac-chuntas ar roinnt acu thuas.

Cáin Mhaoine Áitiúil

- I gcinneadh 16TACD2017, a bhain le CMÁ, ba é an cheist ná cé acu an raibh nó nach raibh an cáiníocóir ina dhuine dlite don cháin ar an mbonn go raibh sé ina dhuine a bhí “i dteideal seilbh láithreach” ar réadmhaoín chónaithe le haghaidh tréimhse “ar féidir í a bheith comhionann le 20 bliain nó níos mó ná sin”. Cé go raibh an cáiníocóir i lár an phróisis dá áras a dhíol ag an am, ar an dáta ábhartha ní raibh tíolacas curtha chun feidhme aige agus dá bhrí sin rinneadh conclúid leis an gcinneadh gurbh eisean an duine dlite.

Deiseanna le haghaidh réitigh

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil gach cáiníocóir i dteideal leas a bhaint as saoráid um athbhreithniú inmheánach leis na Coimisinéirí Ioncaim, roimh achomharc a chur faoi bhráid an TAC. Tagann an tsaoráid sin roimh an ngá le hachomharc a dhéanamh don TAC sa chás go bhfuil an cáiníocóir sásta leis an toradh air sin. Más é an cás nach bhfuil an cáiníocóir sásta le toradh shaoráid um athbhreithniú inmheánach na gCoimisinéirí Ioncaim, is féidir leis an gcáiníocóir sin achomharc a dhéanamh don TAC dá ainneoin sin. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn cáiníocóirí eolach ar an bhfíric nach mór achomharc a dhéanamh maidir le measúnacht nó cinneadh laistigh de 30 lá ó dháta na measúnachta nó an chinnidh sin ionas go bhfuil siad laistigh den am chun achomharc a dhéanamh don TAC.

Nuair a bhíonn achomharc os comhair an TAC, is é an aidhm a bhíonn aige teagmháil a éascú idir achomharcóirí agus na Coimisinéirí Ioncaim, agus an cuspóir ann chun cuidiú le páirtithe réiteach a bhaint amach roimh an éisteacht, nuair is féidir. Nuair a aontaíonn an dá pháirtí gur féidir cainteanna a éascú le hatráth, de ghnáth deonaítear a leithéid d'iarratais.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le cinntí foilsithe téigh chuig ár láithreán gréasáin ag www.taxappeals.ie

Dúshláin maidir le hAchomhairc a Chur Chun Cinn

D'ainneoin ár n-iarrachtaí is fearr, tá saincheisteanna ann lasmuigh de smacht TAC atá ina mbac ar ár n-ábaltacht gach achomharc a chur chun cinn a éifeachtúla agus ar mian linn. Tugaimid aitheantas don chúnamh agus don chomhairle arna soláthar ag ár máthair-Roinn, An Roinn Airgeadais agus leanaimid chun oibriú leis an gcomhlacht sin ar shaincheisteanna ar féidir tabhairt fúthu ar bhonn riaracháin nó trí reachtaíocht. Tá sé tábhachtach, áfach, roinnt de na deacrachtaí a thabhairt chun suntais, chun dearbhuíthe a sholáthar go ndéantar iad a shainaithint agus chun a dhearbhuí go bhfuil ár ndícheall á dhéanamh againn chun ár gcuid oibríochtaí a cheartú agus a fheabhsú.

Acmhainní

Is é ár saincheist is mó, le linn 2017 agus ó shin ar aghaidh, ná ganntanas foirne agus áitreabh neamhleor chun oibriú as. Baineann próiseas riaracháin nach beag le hachomhairc a oscailt, a bhainistiú agus a athbhreithniú ar dtús mar aon leis an idirghníomhú le hachomharcóirí, na gníomhairí dá gcuid agus na Coimisinéirí Ioncaim. Ag gabháil leis sin tá feidhm riaracháin ghinearálta chomhlacht de chuid na Státseirbhíse. Tá líon beag foirne ag TAC chun déileáil leis na cúrsaí uile sin agus ní raibh ach seomra éisteachta amháin aige do chuid de 2017 agus seomra ar bith aige don ráithe is deireanaí. Mar thoradh ar na saincheisteanna sin, ba dheacair dúinn seirbhís éifeachtach agus iomchuí a sholáthar do chustaiméirí don chuid is mó de 2017.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur sannadh an tasc don TAC chun tabhairt faoi mhéid suntasach na n-achomharc stairiúil agus casta a rinneadh a aistriú chugainn ag deireadh 2016 ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ón OCA, agus ag an am céanna táimid ag iarraidh gach achomharc nua a bhainistiú a cuireadh faoinár mbráid ón dara ráithe de 2016 (níos mó ná 150 in aghaidh na míosa i 2017, ar an meán). Táthar ag súil leis gur féidir tabhairt faoi roinnt de na saincheisteanna sin nó fúthu go léir sa todhchaí, mar aontaíodh áitreabh nua le hOifig na nOibreacha Poiblí sa ráithe dheireanach den bhliain agus mar thoradh air sin beidh TAC ag bogadh chuig áitreabh i 2018 lena ligfear d'éisteachtaí iolracha go comhthreomhar. Tá srianadh fós orainn, áfach, maidir le líon na foirne agus maidir lenár mbuiséad.

Córas Cásbhainistíochta

Le linn dara leath 2017, ghlac TAC le córas cásbhainistíochta, agus dhá chuspóir ann: (i) chun cuidiú le tosaíochtaí a shainaithint le haghaidh achomhairc a bhainistiú, m.sh. achomhairc chasta, shubstaintiúla nó ardluacha a shainaithint, achomhairc a shainaithint óna bhféadfadh CCB a bheith ag teastáil, achomhairc a shainaithint ar féidir iad a chinneadh gan éisteacht ó bhéal nó próisis tosaigh-leantacha a bhunú; agus (ii) chun críocha tuairiscithe ghinearálta, maidir leis na hachomhairc faoi bhainistíocht againn.

Mar gheall air sin bhí sé riachtanach seiceálacha cáilíochta suntasacha agus dochraideacha a dhéanamh ar mhéid mór sonraí a bhí idir lámha againn agus, den chuid is mó, na céadta míle mír sonraí a ionchur de láimh sa chóras le linn dara leath 2017. Maidir leis na hachomhairc “oidhreacht” amháin, rinneadh an fhaisnéis fúthu siúd a tharchur chuig TAC ó na Coimisinéirí Ioncaim trí líon mór de dhoiciméid A3 nár mhór iad a uaslódáil de láimh, tar éis dúinn iad a chrostagairt leis na comhaid chun críocha dearbhaithe cáilíochta. Rinne an líon beag foirne an obair sin agus leanann siad den obair sin fós, agus iad ag déanamh a ndíchlár ar n-oibleagáidí laethúla a chomhlíonadh maidir le hachomhairc nua, faisnéis nua i dtaca le hachomhairc atá ann cheana mar aon leis na hoibleagáidí ginearálta agus an chuntasacht a ghabhann lenár róil mar Státseirbhísigh. Tá sé dodhéanta áibhéil a dhéanamh maidir le scála na hoibre a rinneadh sa tasc sin chomh maith leis an iarmhairt ar ár n-ábaltacht chun achomhairc a chur chun cinn ar bhonn éifeachtach nuair nach raibh na hacmhainní ann chun aird a thabhairt ar oibleagáidí iomadúla go comhuaineach.

Líon na nAchomharc agus Ionchais na nAchomharcóirí

Bhí timpeall ar 5,500 achomharc idir lámha ag TAC le linn 2017. Tá sé suntasach go bhfuil líon beag foirne againn chun tabhairt faoi gach cúrsa a bhaineann le hachomharc sa chéad ásc, agus de bharr sin bheadh sé dodhéanta dúinn an dul chun cinn a dhéanamh leo a mbeadh achomharcóirí ag súil leis. I gcodarsnacht leis sin, déanann líon mór d’fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim na hachomhairc sin agus gach ceann nua a láimhseáil – timpeall ar 575 cásoibrithe ar fud an Stáit, chomh maith le hacmhainní lárnacha na gCoimisinéirí Ioncaim amhail an fhoireann dhlíthiúil dá gcuid a bhfuil an cumas aici tabhairt faoi shaincheisteanna nó iad a ardú ar bhonn níos éasca. Is saincheist leanúnach í freisin go ndéanann a lán cáiníocóirí TAC a mheascadh leis na Coimisinéirí Ioncaim, ionas go bhfaighimid méid mór glaonna agus comhfhreagrais ó cháiníocóirí ar lorg faisnéise agus cúnaimh maidir lena gcúrsaí cánach.

Bailíocht na nAchomharc

Ní mór gach fógra maidir le hachomharc a logáil agus a phróiseáil ar mhéid áirithe. Ní mór aon chomhfhreagras athleanúna ó achomharcóirí a athbhreithniú freisin agus a logáil isteach inár gcórais. Cuirtear ceanglas orainn le ACC 1997 gach cúrsa ar féidir é a achomharc a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim agus chun fanacht ar thuairimí na hoifige sin. Is leor le rá go dteastaíonn am agus acmhainní chuige sin. Faigheann TAC méid suntasach d’achomhairc nach mór iad a phróiseáil ach nach féidir aon toradh a bheith orthu faoi dheireadh mar gheall ar ár rannpháirtíocht, m.sh. cúrsaí maidir le formhuirir nó ús a ghearradh, nó achomhairc “céad céime” maidir le CCF nó cúrsaí Custam & Máil, nach mór do na Coimisinéirí Ioncaim tabhairt fúthu.

Rinne TAC iarrachtaí, sa ráithe dheireanach de 2017, chun tabhairt faoi na saincheisteanna sin trí nótaí teoracha a tháirgeadh d'achomharcóirí, lena n-áirítear faisnéis maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar ina ábhar achomhairc. Bhí pléite againn freisin leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le comhfhreagras a thagann ón oifig sin agus maidir le cuidiú le cáinócóirí tuiscint a fháil ar na cineálacha ábhar nach féidir iad a achomharc don TAC. Ba cheart go mbeadh feachtas níos mó ar an gceart (nó riachtanas) cúrsaí a achomharc go díreach do na Coimisinéirí Ioncaim sa chéad ásc, agus nósanna imeachta athbhreithnithe inmheánaigh/sheachtraigh na hoifige sin á n-úsáid. D'fhéadfadh sé sin líon na n-achomharc don TAC a laghdú ar bhonn suntasach. Ní chuireann nósanna imeachta athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim isteach ar cheart reachtúil an achomharcóra achomharc a dhéanamh don TAC, ar féidir é sin a dhéanamh fiú nuair atá an cúrsa á athbhreithniú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Má bhaintear leas as córais athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim sa chéad ásc, áfach, féadfar cúrsaí a shoiléiriú don dá pháirtí agus cúnamh a thabhairt maidir le réiteach luath. Tá sé suntasach go bhfuair TAC 899 n-achomharc i 2016 ach ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim ach 13 athbhreithniú inmheánacha/seachtracha sa tréimhse chéanna.

Candam

Beag beann ar an gcandam atá i gceist, tá oibleagáid ar TAC gach achomharc cánach a fhaigheann sé a oscailt agus a phróiseáil. Cé nár bhailigh TAC sonraí maidir le candam le linn 2017, léirítear aighnis ina lán fógraí achomhairc maidir le cúrsaí chomh beag le 49 cent.

Saineolas

I lár 2017, shainaithin TAC an gá chun foireann de bhaill foirne a fhostú a bheadh cáilithe go hiomchuí, agus a dhéanadh comhdhálacha cásbhainistíochta a chur chun feidhme d'fhonn na hachomhairc uile nó codanna díobh a bhrostú i dtreo réitigh; páipéir faisnéise agus taighde a ullmhú do na Coimisinéirí maidir le hachomhairc; agus achomhairc neamhbhailí, nó na cinn óna dteastaíonn níos mó faisnéise ó achomharcóirí, a shainaithint go gasta. Measann TAC go gcuirfeadh sé sin cúnamh luachmhar ar fáil do na Coimisinéirí chun a gcuid cinntí a tháirgeadh. Le linn 2017, tar éis bealaí éagsúla eile a ghabháil chun cúrsaí a bhrostú, rinneamar feachtas earcaíochta le haghaidh cásbhainisteoirí tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhlacht atá faoi bhrú nach beag é féin na próisis sin a bhainistiú do líon mór de chomhlachtaí na hearnála poiblí. Ba mhór an cuidiú a thug SCP, agus na tosaíochtaí iomaíocha a bhíonn le bainistiú aici á dtabhairt san áireamh, ach ghlac an earcaíocht don TAC go leor ama agus faoi dheireadh na bliana ní raibh foireann fostaithe againn.

Comhlíonadh Threoracha an TAC

De réir mar atá tugtha chun suntais i gcaibidil staitisticí na tuarascála seo, i roinnt céad achomharc le linn 2017, d'iarr achomharcóirí agus oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim síntí le spriocdhátaí a bhí leagtha síos ag an TAC, nó bac ar imeachtaí nó iarchur maidir le dátaí éisteachta chun ligean d'idirbheartaíocht réitigh leanúnach idir páirtithe. Sa chuid is mó de na cásanna rinneadh cinneadh chun an t-iarratas a dheonú. Mar iarmhairt air sin, áfach, bíonn na hachomhairc sin fós “beo” inár gcóras agus tugtar le tuiscint leo nach bhfuiltear ag tabhairt faoi chúrsaí, agus seo le linn tréimhse nuair atá líon na n-achomharc, nó ár ndul chun cinn ina leith, ina ábhar de thuairiscí na meán agus de thráchtanna ón bpobal. Bhí saincheisteanna breise ann maidir le hachomharcóirí a dteipeann orthu a chur in iúl don TAC go bhfuil a n-achomharc tarraingthe siar nó go bhfuil an tsaincheist réitithe acu leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Córais le haghaidh Achomhairc a Réiteach gan dul ar Iontaoibh Éisteachta

Tugtar an t-údarás le halt 949U de ACC 1997 do na Coimisinéirí Achomhairc chun breithiúnas a dhéanamh ar achomharc gan éisteacht, nuair a mheasann siad go bhfuil sé sin iomchuí. Ní mór dúinn an tuairim sin a chur in iúl do na páirtithe. Féadfaidh Coimisinéir a mheas go soláthraítear faisnéis imleor le ráiteas cáis an Achomharcóra nó le doiciméadúchán eile chun sin a dhéanamh. Ina theannta sin, le halt 949AN ceadáítear do Choimisinéir Achomhairc breithiúnas a dhéanamh ar achomharc gan éisteacht a thionól má mheasann an Coimisinéir go bhfuil sé sin iomchuí, agus aird chuí á tabhairt do chinneadh roimhe sin maidir le hachomharc nó achomhairc a n-ardaíodh saincheisteanna coiteanna nó gaolmhara leo.

Maidir le forálacha 949U, áfach, coimeádann an tAchomharcóir an ceart éisteacht a áitiú beag beann ar thuairimí an Choimisinéara agus ba é eispéireas TAC le linn 2017 gur mian leis an gcuid is mó de na hachomharcóirí bheith i láthair agus a gcás a chur i láthair ag éisteacht. Dá bhrí sin, ba é an toradh ar an ordú reachtaíochta, agus ar ár n-easpa saoráidí agus acmhainní eile le linn na bliana go bhfuil a lán achomharc fós le héisteacht, a d'fhéadfadh a bheith curtha i gcrích gan an gá le héisteacht.

Sa mhéid thuas uile, tá an tuairim fós ag TAC go bhfuil an chuid is mó den réiteach - ach ní an réiteach iomlán - ag brath ar aghaidh a thabhairt ar ár n-easpa acmhainní.

Staitisticí

Líon na nAchomharc - An Bhliain a Fuarthas sa TAC.....	38
Achomhairc Faighte & Dúnta i 2017	39
Achomhairc a Dúnadh i 2017	40
Comhaid a Dúnadh i 2017	41
Achomhairc – Príomhchineál na Cánach	42
Cineál Cánach: Comparáid Achomhairc 2017 y 2016.....	45
Cineálacha Iolracha Cánach.....	46
Cáin Ioncaim & ÍMAT – Creidmheasanna, Faoisimh, Cáin.....	47
Achomhairc Liostaithe le haghaidh Éisteachta i 2017...	49
Cinntí.....	50
Comhdhálacha Cásbhainistíochta i 2017.....	52
Dul Chun Cinn maidir leis na hAchomhairc go léir i 2017...	53

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go ndéantar athruithe laethúla ar na staitisticí a bhaineann le hachomhairc. Mar shampla, cé gur féidir linn a rá go raibh líon áirithe d'achomhairc nó cúrsaí maidir le cáin ioncaim ag feitheamh cinnidh ag pointe ama áirithe, féadfaidh seo a athrú bonn láithreach, trí achomharc a chaitheamh amach, a réiteach nó a tharraingt siar ina dhiaidh sin, nó nuair a eisítear cinneadh nach bhfuil fós foilsithe. Mar an gcéanna, is féidir nach bhfaigheann TAC fógra le haghaidh roinnt míonna go ndearnadh achomharc a réiteach idir páirtithe, ach déantar an fhaisnéis ina leith fós a logáil inár gcóras le tagairt don dáta iarbhair ar a ndearnadh an cúrsa a réiteach/a dhúnadh. Bíonn iarmhairt iarghabhálach aige sin ar líon ár gcuid cásanna. Ina theannta sin, is féidir go bhfaighimid na céadta píosa comhfhreagrais gach lá maidir le hachomhairc aonair nó nua. Agus seo á scríobh, tá níos mó ná 1,000 píosa comhfhreagrais ag fanacht le go ndíreoimis ár n-aird orthu. Níl ach líon beag foirne ann chun déileáil leis na saincheisteanna atá ardaithe iontu, sular féidir leo na gníomhartha arna gcur chun feidhme ina leith a nuashonrú inár gcóras cásbhainistíochta, óna ndéanaimid staitisticí a bhailiú. Dhéanfaí ár gcumas chun tuairisciú go cruinn ar feadh an ama a fheabhsú go mór trí fhoireann bhreise thacaíochta a cheapadh chun cuidiú le próiseáil achomharc, bainistíocht ár mbunachar sonraí san áireamh.

Líon na nAchomharc - An Bhliain a Fuarthas sa TAC

Bunaíodh TAC ar 21 Márta 2016 agus ag an am sin forbraíodh córas catagóirithe lenar léiríodh an tréimhse ina bhfuair muid achomhairc, mar cuireadh cuid acu in iúl dúinn go díreach tar éis Márta 2016, tháinig roinnt acu ó na Coimisinéirí Ioncaim agus rinneadh cuid eile a aistriú chuig TAC ó OCA.

Le linn 2017, ba é seo a leanas líon na n-achomharc idir lámha:

Tugtha anonn ó 2016	705
Achomhairc a fuarthas i 2017	1,751
Achomhairc Oidhreachta a fuarthas i 2016	2,731
Cásanna Roimh an mBunú Dearbhaithe	72
Cásanna 2017 Dearbhaithe	3
Achomhairc Roimh an mBunú	278
IOMLÁN	5,540

Ina lán cásanna, déanann achomharcóir achomharc maidir le blianta iolracha measúnachta, ar féidir gach ceann acu a chatagóiriú mar achomharc aonair. Ina theannta sin, is féidir go ndearna cáiníocóir achomharc maidir le cúrsa do na Coimisinéirí Ioncaim sula raibh TAC ann (agus, mar sin de, is achomharc “oidhreachta” é seo má tá sé fós le réiteach) agus go ndearna sé achomharc maidir le cúrsa eile nó gaolmhar go díreach don TAC ina dhiaidh sin. Chun críocha riaracháin, déantar na hachomhairc “iolracha” sin a chumasc go minic i gcomhad amháin, ionas gur féidir tabhairt faoi na saincheisteanna uile a bhaineann le hachomharcóir ina n-iomláine. Is léir gurb é an toradh air sin ná go mbíonn líon na n-achomharc idir lámha ag am áirithe ar bith ina líon sreabhánach, mar teastaíonn an chóireáil riaracháin sin ó roinnt achomharc ach ní theastaíonn sé ó roinnt eile.


Mar nóta ginearálta maidir le hachomhairc uile:

- Déantar, nó rinneadh, 1,489 de na hachomhairc (oscailte agus dúnta) i 2017 a bhainistiú ag gníomhaire ar son an achomharcóra;
- I dtaca le trian amháin ar a laghad de na hachomhairc tá aighneas ann faoi bhlianta nó faoi thréimhsí iolracha (m.sh. CBL) measúnachta;
- Tá 1,000 ar a laghad de na hachomhairc idir lámha ina ngrúpaí d’achomhairc, nuair atá saincheist chosúil (saincheisteanna cosúla) faoi achomharc.


Achomhairc Faighte & Dúnta i 2017

	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán
Achomhairc a Fuarthas	562	75	177	92	106	82	106	89	108	94	107	153	1751
Achomhairc a Dúnadh	52	39	75	52	131	52	51	45	18	49	46	83	693

Baineann “Achomhairc a Dúnadh” le gach achomharc, ní amháin na cinn a fuarthas i 2017.



Achomhairc a Dúnadh i 2017



Bliain/Tréimhse	Líon na nAchomharc a Dúnadh
Oidhreachta	182
2017	259
2016	222
2015	22
2014	6
2012	1
2009	1
IOMLÁN	693

- Dúnadh 29 gcás dearbhaithe breise roimh an mbunú i 2017.
- Dúnadh trí chás dearbhaithe a bhaineann le 2017 freisin i 2017.

Comhaid a Dúnadh i 2017

Dhún TAC roinnt achomharc i 2017, trí chinneadh, réiteach, aistarraingt an achomhairc, nó trína chaitheamh amach. Tá sonraí fúthu sin san áireamh in áiteanna eile sa chaibidil seo.

Sa bhreis ar na cinn sin, mar atá sonraithe thíos, tá na mílte comhad dúnta á gcoimeád againn a rinneadh a chatalógú, nó óna dteastaíonn catalógú, agus a stóráil agus iad ag feitheamh le cinntí maidir le coimeád, filleadh nó scriosadh ina leith. Measann TAC gur ábhar práinne é go ndéantar an tsaincheist faoi úinéireacht agus stóráil na gcomhad sin a réiteach, ní amháin ós rud é go bhfuil riosca ann maidir le coimeád comhad díomhaoin ach freisin mar go n-áitíonn siad spás luachmhar in áitreabh TAC atá teoranta cheana féin. Is léir go ndéanfar an líon a mhéadú de réir mar a dhéanaimid níos mó achomharc a dhiúscairt. Soláthraítear breac-chuntas leis na cláir a leanas ar an staid ag deireadh na bliana.

Comhaid stóráilte lasmuigh den láithreán i 2017	791
Comhaid stóráilte lasmuigh den láithreán i 2015 & 2016	1,927
Comhaid stóráilte in oifigí TAC	2,492
IOMLÁN	5,210


Achomhairc – Príomhchineál na Cánach

Cé go mbaineann a lán achomharc le níos mó ná cineál cánach amháin nó, i gcásanna áirithe, le haighnis maidir le creidmheasanna iolracha cánach nó faoisimh nó measúnacht ina leith, m.sh. MSU nó ÁSPC, tugtar tásc leis an gclár thíos den phríomhchineál nó príomhshaincheist cánach a bhí faoi aighneas ar fud na n-achomharc uile. Ní bhaineann na figiúirí le hachomhairc ar leith, mar tá aighneas ann faoi chuid acu a bhaineann le cineálacha iolracha cánach. Cuirtear i láthair iad mar thásc de na cineálacha aighnis chánach a thagann chun cinn.

Achomhairc uile idir lámha (oscailte agus dúnta) ag deireadh Mhí na Nollag 2017

Ceannteideal Cánach	Líon na dTagairtí sna hAchomhairc	%
CI	2,248	49
CBL	407	9
ÍMAT	386	8
CGC	337	7
Eile*	284	6
CC	265	6
CCF	244	5
ÁSPC	129	3
MSU	113	3
PREM	103	2
CFC	96	2
	4,612	100

*San áireamh le 'Eile' tá CCÁ, CMÁ, C&E, DIRT, CSSG & Dleacht Stampála & CSD



IT = CI; VAT = CBL; PAYE = ÍMAT; Other = Eile; CT = CC; VRT; PRSI = ÁSPC;
USC = MSU; PREM = PREM; CAT = CFC

Is léir gur cáin ioncaim an t-ábhar is minice a luaitear sna hachomhairc. Is ionann CBL, ÍMAT, CFC agus CC 30% breise d'ábhair na n-achomharc uile idir lámha, ach tá sé suntasach go mbíonn comhcheangal de shaincheisteanna cánach i gceist ina lán de na hachomhairc sin ina mbíonn aighneas ann faoi na cúrsaí cánach sin, agus go minic is achomhairc níos casta nó a bhfuil candam níos airde i gceist leo na hachomhairc sin.

Achomhairc 2017


Maidir le hachomhairc a fuarthas i 2017, is í cáin ioncaim fós an t-ábhar is minice a ndéantar achomharc faoi, agus ina dhiaidh sin ÍMAT, agus ansin CBL. I 2017 fuair TAC 132 achomharc CCF, agus b'ionann sin agus 7.5% de na hachomhairc uile sa bhliain.

I 2017, fuair TAC 238 n-achomharc ina ndearnadh tagairt do ÍMAT, 90 achomharc ina ndearnadh tagairt do ÁSPC agus 77 n-achomharc breise ina ndearnadh tagairt do MSU. Is ionann líon iomlán comhcheangailte na gceannteideal cánach sin agus 23% de na cineálacha cánach uile faoi achomharc i 2017. Cé go bhfuil cuid de na hábhair sin ina n-ábhair achomhairc, d'fhéadfaí go leor eile acu a chatagóiriú go ceart mar fhiosrúcháin seachas achomhairc, mar baineann siad le cúrsaí a bhféadfaí déileáil leo ar bhonn níos iomchuí trí chainéil um sheirbhís do chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Comparáid idir na Príomhchineálacha Cánach faoi Achomharc 2017 v 2016

Sa chlár agus sa chairt thíos taispeántar na cúig chineál cánach is coitianta dá ndearnadh tagairt in achomhairc i 2016 agus i 2017. Bhí méadú suntasach ann maidir le líon na n-achomharc a fuarthas faoi gach ceann de na cúig phríomhchineál cánach – maidir le cuid acu, bhí méadú níos mó ná dhá oiread i gceist. Tá treocht den chineál céanna le feiceáil maidir le beagnach gach ceann de na cineálacha cánach eile a bhí faoi achomharc i 2016 agus i 2017.

Bliain	CI	ÍMAT	CBL	CCF	CC
Líon na nAchomharc 2017	892	238	170	132	125
Líon na nAchomharc 2016	341	121	112	104	54



Líon na nAchomharc 2017 Líon na nAchomharc 2016

Cineálacha Iolracha Cánach

Leis an gclár thíos léirítear líon iomlán na n-achomharc a ndearna TAC iad a phróiseáil ar fud na gceithre chatagóir d'achomharc (roimh an mbunú, achomharc oidhreachta, achomhairc 2016, achomhairc 2017) ina ndearnadh níos mó ná cineál amháin cánach a achomharc.

Líon na gCineálacha Cánach	Líon na nAchomharc	%
2	300	7.3
3	62	1.5
4	16	0.4
5	7	0.2
IOMLÁN	385	9.4

Nuair a dhéantar comparáid leis an staid ag deireadh 2016, is léir go bhfuil treocht aníos ann maidir le cáiníocóirí a dhéanann aighneas faoi mheasúnachtaí níos casta nó a roghnaíonn go simplí aighneas a dhéanamh faoi gach gné den mheasúnacht, nuair a glacadh le roinnt gnéithe áirithe de chinntí na gCoimisinéirí Ioncaim roimhe sin. Más é an cas go bhfuil na measúnachtaí iad féin níos casta, is féidir go n-imrítear tionchar leis an teorainn ama 30 lá chun achomharc a dhéanamh (ó dháta na measúnachta) ar chinneadh an achomharcóra dul go díreach chun achomharc a dhéanamh.

I 2016, bhain 8% de na hachomhairc uile le cineálacha iolracha cánach. Méadaíodh sin go 11% i 2017. Go minic, bhí Cáin Ioncaim agus CFC ina n-ábhar d'achomharc amháin – 59 gcás i 2017, arb ionann sin agus 20% de na hachomhairc uile ina raibh dhá chineál cánach i gceist. Ba í Cáin Ioncaim, agus í ag gabháil le CBL, an cineál achomhairc is coitianta sa chatagóir sin, agus tharla 53 chás de sin. Is é an comhcheangal is coitianta de 3 chineál cánach faoi achomharc ná Cáin Ioncaim & ÍMAT & ÁSPC.

Cáin Ioncaim & ÍMAT 2017 – Creidmheasanna, Faoisimh & Cúrsaí a Bhaineann le Cáin

Bíonn aighnis maidir le cur i bhfeidhm creidmheasanna cánach pearsanta, MSU agus ÁSPC ina mbonn achomharc arís agus arís eile, mar imrítear tionchar suntasach leo sin ar chandam na cánach is inmhuirir. Dá bhrí sin, cé go ndearnadh tagairt leis an gcuid is mó d'achomhairc maidir le cáin ioncaim agus ÍMAT i 2017 do na cúrsaí sin, soláthraítear breac-chuntas leis an gclár thíos ar chuid de na cúrsaí cánach níos sainsiúla, agus maidir leo sin, ar na cinn is minice a ndéantar achomharc ina leith.

Cúrsa a Bhaineann le Cáin faoi Achomharc	% de Chúrsaí a bhain le cáin i 2017
Muirear um Chomhdú Déanach	28.6
Speansais Sláinte	7.8
DFI	6.5
Teorainn Reachtúil/breathnú siar 4 bliana	5.2
Scéim um Chúnamh chun Íoc	5.2
Díolúine d'Ealaíontóirí	4.3

Má dhéantar achomharc don TAC maidir le measúnacht nó cinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim, beag beann ar a nádúr, cuirtear isteach sa chóras é le haghaidh próiseála. Mar atá le feiceáil sa chlár thuas, le linn 2017 bhain líon mór d'achomhairc le cur i bhfeidhm muirir um chomhdú déanach, ach ní ábhar inchomhairc é sin, mar déantar muirir a chur i bhfeidhm ar bhonn reachtúil, faoi fhorálacha alt 1084 de ACC 1997. Mar an gcéanna, bhain 5.2% d'achomhairc maidir le Cáin Ioncaim/ÍMAT i 2017 le diúltú aisíocaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim, tar éis éileamh a fháil ó cháiníocóir a bhain le tréimhse a bhí lasmuigh den teorainn reachtúil ceithre bliana.

Leis an gclár a leanas tugtar breac-chuntas ar chreidmheasanna, faoisimh agus cúrsaí a bhaineann le cáin (amhail muirir) – maidir le cáin ioncaim agus ÍMAT – a bhí ina n-ábhar achomhairc i 2017. Déantar an méid a fuarthas a léiriú, ó chúrsaí nuair a fuairamar 1-5 achomharc i ngach cás, go dtí na cinn nuair a rinneadh níos mó ná 20 achomharc ar an gceist i 2017.

1 go 5		6 go 10	11 go 15	16 go 20	> 20
Faoiseamh Síolchaipitil	Íocaíochtaí Cothabhála	Tobhach Sainchónaí	Cúnamh le hÍoc	Speansais Sláinte	Formhuirear
Ioncam a bhaineann le Cánachas Dúbailte	Creidmheas Cánach um Leanbh Éagumasaithe	CCCLDS	Breathnú Siar 4 Bliana		
Aoníocaíochtaí Feirme	Scéim DAT	Caillteanas Trádála	Ioncam Cíosa		
Faoiseamh Trasteorann	Conradh Seirbhíse	DFI			
Faoiseamh Cánach ar Ús Morgáiste	SURE	Díolúine d'Ealaíontóirí			
Faoiseamh Barrscoite	SCC	Speansais In-asbhainte			
Liúntas um Athnuachan Tuaithe	Íocaíochtaí Cúitimh				
Faoiseamh RSB	Táillí Teagaisc				
Liúntais Chaipitil	Íocaíochtaí Cothaithe				
Deimhniú Imréitigh Cánach	Teach Cónaithe				

Achomhairc liostaithe le haghaidh Éisteachta i 2017

Le linn 2017, rinneadh 65 éisteacht a sceidealú, a bhain le 106 achomharc. Mhair tréimhsí na n-éisteachtaí ó leathlae go ceithre lá.

	Achomharc Oidhreacht	Roimh an mBunú	2016	2017	Iomlán
Réitithe roimh an éisteacht		1	1		2
Curtha ar atráth roimh an éisteacht	2	5	4		11
Cinntithe	5	3	9	2	19
Réitithe tar éis na héisteachta	1	2	1		4
Éisteacht arna tosú agus arna cur ar atráth	1	4			5
Éisteacht arna críochnú agus ag feitheamh ar chinneadh		15	8	1	24
Iomlán	9	30	23	3	65

Rinneadh breithniú a thosú nó a chríochnú, le héisteacht nó gan éisteacht, maidir le 93 achomharc i 2017. Eisíodh cinntí maidir le 21 de na hachomhairc sin. Maidir le ceann de na cinntí atá fós amuigh, de bharr éisteachta i Mí na Samhna 2017, beidh iarmhairt dhíreach aige ar thimpeall ar 350 achomharc eile.

Ní léirítear castacht na n-achomharc leis na figiúirí thuas, ná na fáthanna le haon mhoill le cúrsaí a chur chun cinn nó a réiteach. Féadtar éisteachtaí a chur ar atráth ar fháthanna éagsúla, m.sh. chun ligean do chur isteach fianaise breise; chun ligean do dháta éisteachta ina dhiaidh sin; nó chun fanacht ar thoradh imeachtaí na Cúirte nach mór do Choimisinéir iad a chur san áireamh. In imthosca áirithe, féadtar éisteachtaí agus/nó cinntí a chur i gcrích maidir le gnéithe achomhairc ach ní an t-achomharc ina iomláine agus, mar sin de, fanann an t-achomharc “oscailte” agus neamhchinntithe go dtí go ndéantar conclúid maidir leis na saincheisteanna uile. Go minic bíonn moill le hachomhairc a chur chun cinn ina toradh ar acmhainní neamhleora sa TAC chun déileáil le líon suntasach na n-achomharc atá idir lámha.

Cinntí

I gCuid 40A, Caibidil 5 den ACC tá forálacha ann maidir le cinntí ón TAC a chur in iúl agus a fhoilsiú. Cuirtear ceangal ar na Coimisinéirí Achomhairc le halt 949AO tuarascáil a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin i dtaca le gach ceann de na cinntí dá gcuid tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis dóibh a chur in iúl do na páirtithe faoin gcinneadh. Tá sonraí maidir leis na cinntí uile a rinneadh i 2017 agus an tréimhse foilsithe ábhartha leagtha amach thíos.

Líon na gcinntí a rinneadh i 2017

	Líon na nAchomharc a Cinntíodh	Líon Iomlán na nAchomharc Faoi Réir	Achomhairc Oidhreachta	Roimh an mBunú	2016	2017
Cinntí a rinneadh i 2017 i dtaca le hachomhairc arna n-éisteacht i 2017	19	21	5	3	9	2
Cinntí a rinneadh i 2017 ach a bhaineann le hachomhairc arna n-éisteacht i 2016	15	19		12	3	
Iomlán	34	40	5	15	12	2

Líon na gcinntí a foilsíodh i 2017

	Líon na nAchomharc a Cinntíodh	Líon Iomlán na nAchomharc Faoi Réir	Achomhairc Oidhreachta	Roimh an mBunú	2016	2017
Cinntí a foilsíodh i 2017 i dtaca le hachomhairc arna n-éisteacht i 2017	16	18	5	2	7	2
Cinntí a foilsíodh i 2017 ach a bhaineann le hachomhairc arna n-éisteacht i 2016	19	23		11	8	
Iomlán	35	41	5	13	15	2

Tá 35 chinneadh foilsithe do 2017 ar fáil ar shuíomh gréasáin TAC www.taxappeals.ie. Rinneadh 3 achomharc a dhiúscairt le ceann amháin acu agus rinneadh dhá achomharc a dhiúscairt le ceann eile acu. Táthar ag súil leis go mbeidh 49 gcúrsa ann ar a mbeifear in ann breithniú a dhéanamh ina leith gan an gá le héisteacht mar thoradh ar achomharc breise a cinntíodh i 2017.

Comhdhálacha Cásbhainistíochta i 2017

Le linn 2017 rinne TAC 142 CCB (comhdhálacha cásbhainistíochta) a sceidealú, agus iad ag baint le 575 achomharc. Mar gheall ar chomhdhálacha a cuireadh siar nó ar ceal ar iarratas ó roinnt achomharcóirí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim, bhíomar in ann dul ar aghaidh le 89 CCB, a bhain le 479 n-achomharc. Mhair fad CCB idir níos lú ná uair an chloig go ceithre lá, ach cuireadh an chuid is mó díobh i gcrích laistigh de lá amháin. Tugtar treoir do pháirtithe in achomharc chun freastal ar na héisteachtaí seo nach bhfuil chomh foirmiúil d'fhonn réiteach nó comhaontú a shocrú ar bhonn níos éasca agus gan an gá le suíomh níos foirmiúla.

Mar thoradh air sin, le linn 2017, dúnadh 71 achomharc. Aontaíodh “cás tástála” maidir le timpeall ar 350 achomharc agus tionóladh CCB chun tabhairt faoi shaincheistean gaolmhara. Le háitreabh oiriúnach don fheidhm agus acmhainní daonna níos mó ligfí do líon níos mó de na héisteachtaí sin a bheith ar siúl.

Seo a leanas breac-chuntas ar an toradh maidir le hachomhairc a bhí ina n-ábhair de CCB i 2017:

Dúnta	71
Curtha Siar ag an Achomharcóir/Freagróir	100
Ar Siúl	51
Ag Feitheamh ar Bhreithiúnas*	353

*tá iarmhairt dhíreach ag ceann amháin acu siúd ar thimpeall ar 350 achomharc aonair

An Dul Chun Cinn a Rinneadh maidir le hAchomhairc i 2017

Sa bhreis ar 693 achomharc a dhúnadh, rinne TAC an méid a leanas:

- Liostaigh sé 106 achomharc le haghaidh éisteachta
- Rinne sé 34 chinneadh maidir le 40 achomharc
- Thionóil sé 89 gComhdháil Cásbhainistíochta a bhain le 479 n-achomharc
- Dheonaigh sé 385 iarratas arna ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim nó achomharcóirí, maidir le síneadh ama chun treoir ón TAC a chomhlíonadh, i dtaca le 285 achomharc
- D'iarr sé faisnéis bhreise ar 507 n-ócáid, maidir le 407 n-achomharc
- Dheonaigh sé iarratas ar bhac ar imeachtaí, ar 356 ócáid, maidir le 272 achomharc
- D'eisigh sé 2,004 iarratas ar Shonrú Cáis, a bhain le 1,641 achomharc
- D'eisigh sé 130 iarratas lena lorgaíodh Breac-chuntas ar Argóintí ón Achomharcóir agus ó na Coimisinéirí Ioncaim araon. Bhain siad siúd le 140 achomharc

Déantar breac-chuntas ar an staid ag deireadh na bliana leis an méid a leanas.

Catagóir	Líon na nAchomharc
Achomhairc Oidhreachta	981
Roimh an mBunú	248
2016	483
2017	1,492
Cásanna Dearbhaithe	43
IOMLÁN	3,247

Féadtar achomhairc áirithe a réiteach laistigh de roinnt laethanta ón bhfógra chuig an TAC, mar gheall ar shimplíocht an ábhair, ar dhóigh éigin, nó, mar shampla, mar gheall ar earráidí a thagann chun suntais ina dhiaidh sin maidir le measúnacht cánach agus a ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim iad a cheartú. D'fhéadfadh méid suntasach d'obair ullmhúcháin agus d'obair phróiseála a bheith ag teastáil, áfach, ó achomhairc níos casta, lena bhféadfaí achomharcóirí iolracha nó blianta iolracha agus cineálacha iolracha cánach a bheith ag baint.

Maidir leis na hachomhairc oidhreachta, rinneadh cuid mhór de na 2,731 acu a aistríodh chuig TAC ó na Coimisinéirí Ioncaim a chomhdhlúthú nuair a bhí sé indéanta. Tríd an bpróiseas sin, mar aon le cúrsaí oidhreachta eile a dhúnadh, rinneadh líon na n-achomharc oidhreachta oscailte a laghdú le linn 2017 go 1,163.


Féadtar éisteachtaí a chur ar atráth ar chúiseanna éagsúla, amhail an t-am a ligtear le haghaidh fianaise bhreise a chur isteach; an gá le dáta éisteachta comhaontaithe ina dhiaidh sin; nó chun fanacht ar thoradh imeachtaí na Cúirte óna dteastaíonn breithniú ón gCoimisinéir Achomhairc, sula ndéantar achomharc a chinneadh.

I roinnt cásanna, cuireadh bac ar dhul chun cinn achomhairc mar gheall ar mhoilleanna leis an bhfreagairt ar threoir ón TAC. Leis an gclár thíos tugtar breac-chuntas air seo agus léirítear le figiúirí go raibh i 2017 ráta freagartha 39% ann ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le spriocdhátaí arna leagan síos ag TAC chun Sonrú Cáis a chur isteach. B'ionann an figiúr coibhéiseach maidir le hachomharcóirí agus 12%. Maidir le hiarratais ar Bhreac-chuntas ar Argóintí, is ionann na figiúirí ábhartha agus 9% maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim agus 28% maidir le hachomharcóirí. Leis na moilleanna sin, méadaíodh an t-am a glacadh chun achomhairc a réiteach, a éisteacht nó a chinneadh.

Leagtar amach breac-chuntas thíos ar na hamlínte maidir leis na moilleanna sin.

Moilleanna arna mbrath ag TAC maidir le dul chun cinn achomharc i 2017			
	Achomhar -cóir	Coimisinéirí Ioncaim	Iomlán
Moilleanna maidir le Sonrú Cáis a fháil	1,360	276	1,636
Síntí a Deonaíodh	298	87	385
Faisnéis Bhreise Riachtanach	315	192	507
Iarratais ar Stad/Bac a Deonaíodh	242	114	356
Moilleanna maidir le Breac-chuntas ar Argóintí a fháil	94	118	212

Moilleanna arna mbrath maidir le dul chun cinn achomharc i 2017



MOILLEANNA
MAIDIR LE SONRÚ CÁIS
A FHÁIL

SÍNTÍ
A DEONAIODH

FAISNÉIS BHREISE
IARRTHA

IARRATAIS AR BHAC
AR IMEACHTAÍ
A DEONAIODH

MOILLEANNA MAIDIR LE
BREAC-CHUNTAS
AR ARGÓINTÍ A FHÁIL

Achomharcóir

Coimisinéirí Ioncaim

Leagtar amach breac-chuntas ar na hamlínte maidir leis na moilleanna sin thíos

	Moilleanna maidir le Sonrú Cáis a fháil		Moilleanna maidir le Breac-chuntas ar Argóintí a fháil	
Fad na Moille	Líon na n-achomharc a moillíodh, tar éis treoir a thabhairt don Achomharcóir	Líon na n-achomharc a moillíodh, tar éis treoir a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim	Líon na n-achomharc a moillíodh, tar éis treoir a thabhairt don Achomharcóir	Líon na n-achomharc a moillíodh, tar éis treoir a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim
In am trátha	193	175	36	12
0-1 mhí	109	94	8	15
1-3 mhí	78	63	20	20
3-6 mhí	55	48	10	21
6-12 mhí	1,099	69	56	62
1 Bhliain	19	2		
Iomlán	1,553	451	130	130

Le linn na ráithe deireanaí de 2017, rinne TAC an fhoirm um Shonrú Cáis a leasú agus rinne sé nótaí treorach a fhorbairt d'achomharcóirí. Tá súil againn go ndéanfar an nós imeachta a shimpliú do na páirtithe uile leis na bearta sin faoi thús 2018 agus go ndéanfar an ráta freagartha maidir le treoracha a fheabhsú leo sa todhchaí. Mar gheall ar mhéid ard na n-achomharc a fhaightear agus ganntanas foirne, go stairiúil, bhí TAC garach maidir le ham breise a ligean do cheachtar den dá pháirtí nó don dá pháirtí araon, má cuireadh iarratas isteach ar iarchur de chineál ar bith. Mhéadaigh TAC úsáid Chomhdhálacha Cásbhainistíochta freisin, áfach, mar uirlis chun achomhairc a bhrostú má sainaithníodh neamhchomhlíontacht maidir le treoracha.

Rialachas agus Riarachán

Déantar ról an Oifigigh Chuntasaíochta don Choimisiún a rothlú idir an bheirt Choimisinéirí bhuana thar a dtéarma oifige. Is é an Coimisinéir O'Mahony an tOifigeach Cuntasaíochta reatha. Mar sin de, cé go mbainistíonn an Ceann Riaracháin cúrsaí riaracháin agus rialachais laethúla, go minic bíonn ar na Coimisinéirí bheith rannpháirteach i saincheisteanna straitéiseacha agus oibríochtúla éagsúla, go háirithe iad siúd a bhaineann le caiteachas, buiséadú, cóiríocht, soláthar agus earcaíocht.

Faoi Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, bíonn na Coimisinéirí Achomhairc i seilbh oifige le haghaidh tréimhse seacht mbliana agus bíonn siad freagrach don Aire Airgeadais agus, tríd an Aire, don Oireachtas maidir le cur chun feidhme a gcuid feidhmeanna. I dtaca leis sin, ní mór dóibh tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, maidir leis an mbliain roimhe; cuirtear an tuarascáil sin isteach d'fhonn an dualgas sin a chomhlíonadh. Sa bhreis air sin, féadfaidh an tAire na Coimisinéirí a ordú chun tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina bhráid/bráid maidir le haon saincheist eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na gCoimisinéirí. D'eisigh an tAire ordú amháin dá leithéid i 2017. Chuir TAC tuarascáil isteach mar fhreagra ar an ordú sin agus sholáthair sé tuarascáil bhreise ina dhiaidh sin.

Is comhlacht de chuid na Státseirbhíse an Coimisiún, faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus mar sin de, déantar a bhainistíocht agus a chuid oibríochtaí a stiúradh ag Cód Iompraíochta agus Caighdeán na Státseirbhíse. Leis an gCód Caighdeán soláthraíodh an bonn le haghaidh Chód Rialachais an Choimisiúin, agus d'fhoilsigh an Coimisiún an t-athrá is déanaí de sin i Lúnasa 2017.

Ghlac an Coimisiún le céimeanna suntasacha le linn 2017 chun a chuid córas rialachais agus riaracháin a neartú agus a fhorlíonadh. Is é ár bpríomhfheidhm achomhairc chánacha a éisteacht agus a bhreithniú; mar chomhlacht de chuid na Státseirbhíse, áfach, agus mar chomhlacht corpraithe, tá oibleagáidí níos ginearálta againn cosúil le Roinn Rialtais, ós rud é go bhfuil Vóta agus Oifigeach Cuntasaíochta dá chuid féin ag an gCoimisiún.

Cuirtear an obair maidir le rialachas agus riarachán chun feidhme ag baill fhoirne a dhéanann achomhairc a chur chun cinn freisin agus mar sin de, cé go ndearnadh cuid mhór a bhaint amach – réadaíodh 24 de na 28 gcuspóir maidir leis na 3 phríomhthosaíocht straitéiseacha do 2017-2018, sin nó tá siad idir lámha - ionas gur féidir leis an gCoimisiún oibriú ar leibhéil optamacha, beidh foireann bhreise de dhíth chun na tascanna a chur chun feidhme.

Comhairliúchán Poiblí

Rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí i míonna deireanacha 2017 maidir le “Rialacha agus Nósanna Imeachta an Choimisiúin um Achomhairc Chánach”. Iarradh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara faoi dheireadh Mheán Fómhair 2017.

Ba é cuspóir an chomhairliúcháin cur chuige ardleibhéil an Choimisiúin a chur in iúl maidir le hathbhreithniú ar nósanna imeachta agus trí sin a dhéanamh, tuairimí a iarraidh ó phríomhpháirtithe leasmhara, agus an deis á tabhairt dóibh cur le feabhsú oibríochtaí an Choimisiúin. Bhí fócas an Choimisiúin ar phróiseas achomharc níos gasta agus níos follasaí, agus nach mbeadh chomh foirmiúil ná chomh trom céanna, a sholáthar.

Ag deireadh na tréimhse comhairliúcháin, bhí 13 aighneacht faighte ag an gCoimisiún ó pháirtithe leasmhara, agus rinneadh gach ceann a bhreithniú nuair a thug an Coimisiún faoin tasc fairsing a bhain lenár gcuid nótaí teoracha agus ár gcuid doiciméad teimpléid a ollchóiriú le húsáid ag gach páirtí sna hachomhairc. Foilsíodh na haighneachtaí ar ár suíomh gréasáin – www.taxappeals.ie – agus bhí siad ina mbonn le haghaidh pléití leanúnacha leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le conas is féidir linn córas na rannpháirtíochta a fheabhsú ar bhonn comhpháirteach, ag cáiníocóirí, i ngach céim de na haighnis sin ar a ndírímid maidir le cúrsaí cánach.

Treoir d'Achomharcóirí

Déantar foráil le hAcht 2015 gur féidir leis na Coimisinéirí rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le feidhm ar bith dá gcuid. D’ullmhaigh na Coimisinéirí Achomhairc rialacha agus nósanna imeachta agus ghlac siad leo agus tá siad ar fail ar ár suíomh gréasáin.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar aighneachtaí an chomhairliúcháin phoiblí, agus ar na mílte píosa comhfhreagrais ó achomharcóirí lenar léiríodh mearbhall maidir le próiseas na n-achomharc cánach, rinne an Coimisiún ollchóiriú fairsing ar a chuid doiciméadúcháin teimpléid, agus chuir sé nótaí teorach nua i gcrích d’achomharcóirí i míonna deireanacha 2017. Leis na nótaí teorach d’achomharcóirí clúdófar gnéithe uile de phróiseas na n-achomharc, ó dhuine aonair ag cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar in-achomhairc aige/aici, go hachomharc a chur isteach agus an fhaisnéis a theastaíonn ón gCoimisiún, go dtí sonrú cáis a chur i gcrích agus cearta an duine aonair maidir le hachomharc a éisteacht.

Bunachar Sonraí Cásbhainistíochta

Le linn dara leath 2017, thug an Coimisiún faoin tasc suntasach a bhain le níos mó ná céad míle iontráil sonraí a sheiceáil maidir le cáilíocht, agus ansin iad a uaslódáil ar a bhunachar sonraí cásbhainistíochta, agus iad ag baint leis na mílte achomharc aonair. Rinne an cohórt beag d'fhoireann sa Choimisiún an obair sin, agus iad ag bainistiú cúrsaí reatha freisin a bhaineann le hachomhairc agus a ndícheall á dhéanamh acu chun oibleagáidí laethúla eile a chomhlíonadh, amhail cinn a bhaineann lena idirghníomhú leis an Roinn Airgeadais, leis an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe agus leis an Oireachtas.

Bhí an obair sin riachtanach d'fhonn córas cásbhainistíochta láidir a sholáthar, lena gcuirtear in iúl faoi stádas achomharc reatha, agus chun foinse na faisnéise a mhúnlú atá tugtha chun suntais sa tuarascáil seo, agus i dtuarascálacha freisin a thugtar don Roinn Airgeadais, mar shampla, nó do chomhaltaí an Oireachtais. Agus na srianta agus na tosaíochtaí iomaíocha á dtabhairt san áireamh a bhíonn os comhair líon beag na foirne chomh maith le castacht na sonraí, is obair idir lámha í seo agus chuige seo níorbh fhéidir aschur optamach a bhaint as an gcóras. Ina dhiaidh sin is uile, tá muinín ag an gCoimisiún gur féidir, trí acmhainní breise a fháil, ardán oiriúnach don fheidhm a sholáthar lenár mbunachar sonraí óna mbeimid in ann faisnéis a bhailiú lena gcuidítear ní amháin le hachomhairc a bhainistiú ach a d'fhéadfadh a bheith an-luachmhar go deo don Rialtas le haghaidh beartas bunaithe ar fhianaise a fhorbairt maidir le cúrsaí cánach.

Cásbhainistíocht agus Sceidealú

Le linn 2017, shainaithin an Coimisiún an gá le rannáin “chásbhainistíochta” agus “sceidealaithe” a bhunú laistigh dá oifig. Chuir sé clár earcaíochta chun feidhme, a raibh mar aidhm aige pearsanra a bhí cáilithe ó thaobh cánach de a aimsiú chun cuidiú leis na tascanna taighde, ullmhúcháin agus próiseála a bhaineann le hachomhairc. Rinneadh earcaíocht bhreise d'fhonn pearsanra a cheapadh a bhfuil mar thasc acu éisteachtaí – éisteachtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon – a sceidealú, chomh maith le sceidil agus nuashonruithe a sholáthar dár láithreán gréasáin.

Thosaigh líon beag den fhoireann ar na tascanna sin ó Mhí na Nollag 2017. Roimhe sin, rinne foireann uile an Choimisiúin an obair sin. Trí athstruchtúrú áirithe, tá ról níos sainithe anois ag cuid den fhoireann a bhí ag déanamh na hoibre sin cheana féin i gcáil tacaíochta agus próiseála agus is iadsan na céad daoine teagmhála maidir le gach achomharc nua, nó maidir le comhfhreagras i dtaca le hachomhairc reatha. Bhí an feachtas earcaíochta fós ar siúl ag deireadh 2017.

An Cód Rialachais agus Ráiteas faoi Straitéis

I Lúnasa 2017, le cúnamh ón bhForas Riaracháin, tháirg agus d'fhoilsigh an Coimisiún a Chód Rialachais féin. Rinneadh é a fhoirmliú agus prionsabail an dea-rialachais chun tosaigh ann, de réir mar atá curtha in iúl in “An Caighdeán um Rialachas Corparáideach don Státseirbhís”. Leis an gCreat atá ann soláthraítear achoimre shoiléir agus chuimsitheach ar phríomhghnéithe agus príomheilimintí rialachais chorparáidigh laistigh den Choimisiún agus soiléirítear riachtanais rialachais, dhlíthiúla agus riachtanais eile leis chun leasa na gCoimisinéirí, an lucht bhainistíochta, na foirne, na bpríomhpháirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne. Soláthraítear faisnéis leis an gCreat freisin do na Coimisinéirí, don lucht bainistíochta agus don fhoireann a theastaíonn chun a gcuid dualgas, ról agus freagrachtaí a thuiscint. Is doiciméad thar a bheith “beo” é agus déantar tagairt dó sna ceardlanna rialachais arna gcur chun feidhme sa Choimisiún. Tugtar mian an Choimisiúin chun suntais leis chun timpeallacht oibre dhearfach a chur ar fáil dá chuid foirne, chomh maith leis an seasamh daingean ar chultúr iompraíochta eiticiúla agus rialachais éifeachtaigh.

Tar éis tréimhse athbhreithnithe agus machnaimh, tháirg an Coimisiún a Ráiteas faoi Straitéis trí bliana i 2017 freisin, lena gclúdaítear an tréimhse 2017 go 2020. Soláthraítear treochlár leis chun an Coimisiún a fhorbairt thar na blianta le teacht, rud a bheidh ina thairbhe do cháiniócoirí, dár bpáirtithe leasmhara agus d’ár bhfoireann. Spreagtar sinn leis an Straitéis réimsí a bhreithniú ina bhféadfaimis feabhsúcháin a dhéanamh agus measúnú a dhéanamh ar na céimeanna nach mór iad a ghlacadh d’fhonn ár gcuspóir a chomhlíonadh – próiseas um achomhairc chánach a sholáthar atá nua-aimseartha, neamhspleách, neamhchlaonta agus éifeachtúil.

Bainistíocht Riosca agus Iniúchadh Inmheánach

Le linn 2017, cheap an Coimisiún iniúcháirí inmheánacha d’fhonn an fheidhm sin a chur chun feidhme, ach chun cuidiú lenár mbeartais agus pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach agus bainistíocht riosca agus comhairle a thabhairt ina leith. Mar bheart idirlinne, go dtí go ndéanfar Coiste Iniúchta & Riosca a bhunú don Choimisiún a mbeadh ballraíocht le tromlach de bhaill sheachtracha ag baint leis, rud atá ar aon dul le prionsabail an dea-rialachais, tá Grúpa Iniúcháireachta curtha ar bun againn. Tá an Grúpa comhdhéanta de na baill is sinsearaí d’fhoireann an Choimisiúin, in éineacht le ball den iniúchadh inmheánach. Le linn dara leath 2017, tionóladh an Grúpa roinnt uaireanta chun breithniú ar bheartas an iniúchta inmheánaigh, ar shaincheisteanna a eascraíonn ó iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i 2016-2017, ar rioscaí a bhaineann lenár nganntanas foirne agus ar chúrsaí amhail cosaint sonraí.

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Bhí an Coimisiún ina ábhar de chaibidil i dTuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2016. Rinneadh imscrúdú leis an tuarascáil ar na socruithe um rialachas corparáideach arna dtabhairt isteach ag TAC óna bhunú i 2016 agus ar íocaíochtaí sainiúla áirithe arna ndéanamh aige le linn na bliana sin. Ba é an toradh ar an athleanúint ar thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an inní réasúnta arna hardú ná obair shuntasach ach riachtanach don Choimisiún. Rinneamar ár bpríomhchórais rialachais a neartú agus trí sin a dhéanamh d'iarramar comhairle shaineolaíoch maidir lenár n-oibleagáidí agus dea-chleachtas. Tá feidhm an iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm d'fhonn ár dtimpeallacht rialaithe agus ár nósanna imeachta rialaithe a neartú. Rinne lucht an Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú dá chuid féin ar chúrsaí áirithe, a bhí ina n-ábhar de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Feidhm AD

Le Comhaontú Seirbhíse (“CAS”) an Choimisiúin leis na Coimisinéirí Ioncaim déantar foráil go dtabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim tacaíocht riaracháin d'fhoireann an Choimisiúin, arna cur chun feidhme i gcomhar le PeoplePoint, de réir mar is gá. Rinneadh an CAS a mheas i gcónaí mar shocrú sealadach, agus an rún ann go n-éireodh an Coimisiún neamhspleách ina iomláine le linn 2018/2019. Le linn 2017, iarradh cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le roinnt cúrsaí, amhail cúnamh le cásbhainisteoirí a earcú. Tar éis dó an gá láithreach a bhí ann le foireann bhreise a earcú a shainaithint agus córais tacaíochta agus comhairle iomchuí a chur i bhfeidhm don fhoireann reatha, áfach, cheap an Coimisiún Oifigeach AD páirtaimseartha i dtreo dheireadh 2017. Tugann an t-oifigeach faoi ról mar Oifigeach Oiliúna freisin. Ullmhaíodh pleananna foghlama agus forbartha aonair agus déanann an t-oifigeach maoirseacht ar chomhlíonadh an Choimisiúin maidir leis an gcóras CBFF (córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta). Ní raibh an Coimisiún in ann Ardán Seirbhísí Comhroinnte AD na Státseirbhíse a rochtain i 2017 ach tá nasc cumarsáide curtha ar bun aige idir an dá pháirtí.

Earcaíocht

Le linn 2017, rinne an Coimisiún na daoine a leanas a earcú:

- Coimisinéir sealadach atá in ann aon achomharc a éisteacht, ach ag a bhfuil sainchúram sainiúil chun tabhairt faoi achomhairc oidhreachta;
- triúr ball foirne breise, chun cuidiú le hachomhairc a phróiseáil;
- P.O.C., chun cuidiú le córas láidir rialachais agus riaracháin a chur chun feidhme;
- P.O., ar iasacht ón Roinn Airgeadais, chun bheith in ionad an P.O. a bhí ann roimhe mar Cheann Riaracháin;
- P.O.C., chun córas sceidealaithe a bhunú agus a bhainistiú, maidir le héisteachtaí agus cinntí a tháirgeadh;

- A.O.F. páirtaimseartha, chun córas AD iomchuí a chur chun feidhme don Choimisiún.

Chuir an Coimisiún bearta i bhfeidhm, le cúnamh ón tSeirbhís Riaracháin Phoiblí, chun roinnt “cásbhainisteoirí” a earcú – daoine a bheadh cáilithe ó thaobh na cánach de, chun cuidiú le Coimisinéirí. Ag deireadh 2017, bhí an chuma ar an scéal go dtosódh cásbhainisteoir amháin ag obair leis an gCoimisiún i mí Eanáir 2018 agus go gcuirfí próiseas agallaimh chun feidhme go luath ina dhiaidh sin chun cásbhainisteoirí eile a earcú.

Tuarascálacha Alt 21 don Aire Airgeadais

Le linn 2017, de réir ailt 21(5) agus 21(6) Acht 2015, cuireadh dhá thuarascáil faoi bhráid an Aire Airgeadais.

Comhairlí Dlí arna nIarraidh

D'iarr an Coimisiún comhairle dlí ó Oifig an Ard-Aighne, ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus ó chomhlachtaí dlíodóirí, trí thairiscint nó tríd an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le cúrsaí éagsúla i rith 2017. Mar bhreac-chuntas, bhain na comhairlí arna n-iarraidh leis na nithe a leanas:

- dlí fostaíochta agus cúrsaí smachtaithe;
- teidlíocht an Choimisiúin doiciméid a chur ar ais, a choinneáil nó a chartlannú maidir le hachomhairc dhúnta nó réitithe; agus
- breithnithe nós imeachta éagsúla maidir le hachomhairc

Teagmháil le 3ú Páirtithe

Ós rud é go raibh 2017 ina bliain mhachnaimh shuntasaigh agus athnuachana suntasaí don Choimisiún, bhí go leor idirghníomhaithe ann lena linn le tríú páirtithe, go príomha lenar máthair-Roinn, an Roinn Airgeadais, ach leis na comhlachtaí a leanas freisin, *inter alia*:

- an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Oifig an Ard-Aighne
- Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- an Oifig um Sholáthar Rialtais

- Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- Binse Cánacha na RA
- an Foras Riaracháin
- an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Institiúid Chánach na hÉireann
- an Cumann Fioscach Idirnáisiúnta (Brainse na hÉireann)

Bhí na caidrimh oibre táirgiúil agus baineadh úsáid astu chun bonn níos láidre a thabhairt don Choimisiún óna mbeidh sé in ann a chuid oibríochtaí a fheabhsú i 2018. Leis an obair a rinneadh leis na heagraíochtaí sin agus le heagraíochtaí eile i 2017, cuireadh béim cuid mhaith ar an mbonn a bhí go measartha íseal go stairiúil óna raibh an Coimisiún ag oibriú ó thaobh acmhainní de, rud lena gcuirtear bac ar ár gcumas achomhairc a chur chun cinn agus córais éifeachtacha rialachais a chur chun feidhme sa Choimisiún. Leanfaimid orainn de bheith ag obair leis na comhlachtaí seo d'fhonn torthaí comhthairbheacha a aimsiú.

Soláthar

Rinne an Coimisiún roinnt cleachtaí soláthair le linn 2017:

- Nótaí Treoracha d'Achomharcóirí a Tháirgeadh
- Bainistíocht Tionscadail
- Tacaíocht TFC
- Comhairlí Dlí
- Seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh
- Comhairlí um Chreat Rialachais
- Seirbhísí Priontála
- Seirbhísí Aistriúcháin

Rinneadh gach iarratas ar thairiscint a chur chun feidhme trí Chreat Soláthair an Rialtais, an córas ríomhthairisceana, nó i gcomhréir le treoirlínte soláthair, nuair a bhí luach measta na tairisceana níos lú ná na tairseacha arna moladh.

Bogadh na hOifige

Rinneadh idirghabháil shuntasach le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir lenár ngéarghá le cóiríocht atá oiriúnach don fheidhm a aimsiú a luaithe is féidir. Rinneadh cuid mhór den obair ullmhúcháin i 2017, agus líon mór den fhoireann rannpháirteach chomh maith leis an bpleanáil straitéiseach i dtaca le riachtanais ghearrthearma, mheántearma agus fhadtearma. Bhí an fócas príomhúil ar sheomraí éisteachta breise a fháil, mar aon le saoráidí físchomhdhála chun cuidiú le hachomharcóirí agus le hoifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, spás don fhoireann reatha agus d'fhoireann bhreise, dá dtabharfaí leithdháileadh breise dúinn chomh maith le córas TFC iomchuí.

Maoiniú agus Caiteachas

Maoinítear TAC trí Vóta 10 de na Meastacháin atá faofa ag Dáil Éireann. Chuaigh na leithdháiltí don Choimisiún agus dá réamhtheachtaí, OCA, i méid le blianta beaga anuas go príomha chun freastal a dhéanamh ar chaiteachas méadaithe ar fhoireann agus ar chórais TF, ag eascairt ó athchóiriú chóras na n-achomharc cánach. Teastóidh tuilleadh méaduithe, áfach, má tá an Coimisiún le feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Ba iad na leithdháiltí don Choimisiún i 2017 agus i 2018 ná €1.605 milliún agus €1.626 milliún faoi seach, agus is ionann sin agus méadú €21,000, méadú a cuireadh san áireamh chun soláthar a dhéanamh do fhreaschur sna Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2015. D’ainneoin go bhfuil i gceist leis na leithdháiltí seo a rinneadh le déanaí méaduithe substaintiúla thar an maoiniú a leithdháileadh do OCA i 2014 agus 2015, €447,000 agus €775,000 faoi seach, aithníodh tuilleadh riachtanas foirnithe agus costas gaolmhar a cuireadh faoi bhráid na Roinne Airgeadais chun próiseas achomharc nua-aoiseach agus éifeachtach a chinntiú maidir le héisteacht agus le breithniú aighneas cánach.

Leagann an clár thíos anailís amach faoi chaiteachas riaracháin an Choimisiúin i 2017.

	2017 Soláthar Meastacháin	2017 Táirgeacht	2016 Táirgeacht
	€,000	€,000	€,000
Tuarastail, pá agus liúntais	1,284	753	661
Taisteal agus liúntas cothaithe	70	1	4
Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha	30	91	19
Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	30	9	8
Trealamh oifige & seirbhísí seachtracha TF	200	252	181
Costais áitribh oifige	70	16	17
Caiteachas iomlán	1,684	1,122	890

I gcomhréir le forálacha an Achta um Ard-Reachtair Cuntas & Ciste (Leasú) 1993, tá Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin freagrach as táirgeadh an Chuntais Leithreasa do Vóta 10 agus as a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste faoi 31 Márta gach bliain. Tá sin déanta maidir le 2017 agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar cuntais iniúchta an Choimisiúin ag an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste níos déanaí sa bhliain mar chuid dá thuarascáil bhliantúil do 2017 faoi chuntais na seirbhísí poiblí.

Aguisíní

i) Comhaontú Seirbhíse leis na Coimisinéirí Ioncaim.....	65
ii) Nótaí Treorach Achoimre le haghaidh Achomharcóirí.....	69
iii) Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí	72

Comhaontú Seirbhíse leis na Coimisinéirí Ioncaim

Tá comhaontú seirbhíse i bhfeidhm idir TAC agus na Coimisinéirí Ioncaim, a leagann síos freagrachtaí an dá pháirtí do gach nós imeachta riaracháin agus cuntasáochta. Cuireadh an chéad cheann dá leithéid de chomhaontuithe i bhfeidhm i Mí Feabhra 2005 agus tar-rolladh leaganacha éagsúla den chomhaontú céanna ó shin i leith. Cuireadh an comhaontú is déanaí a síníodh i bhfeidhm i 2016. Rinneadh an comhaontú seo a thar-rolladh go neamhfhoirmeálta chun 2017 a chuimsiú, ós rud é nár aithníodh aon cheisteanna ná cúis inní ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe chéanna.

Tar éis cheapadh foirne nua bainistíochta sinsearaí i TAC, le linn dara leath 2017, tionóladh cruinniú i R4, idir TAC agus na Coimisinéirí Ioncaim, chun plé a dhéanamh faoi leanúint ar aghaidh leis an gComhaontú Seirbhíse agus faoi na leasuithe sin a theastódh i gcomhaontuithe sa todhchaí. Áirítear ar na leasuithe a pléadh:

- tar-rolladh na gcomhaontuithe sa todhchaí
- scrios tagairtí d'Oifig na gCoimisinéirí Achomharc agus nuashonrú riachtanach chun an t-athrú go TAC a léiriú
- soiléiriú róil Ionaid Seirbhísí Comhroinnte Párolla agus PeoplePoint, laistigh de théarmaí an chomhaontaithe
- prótacail nua a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le ceannach earraí agus seirbhísí

Tá sé de rún ag TAC agus ag na Coimisinéirí Ioncaim araon go ndéanfaimid sainmhíniú ar Chomhaontú Seirbhíse nuashonraithe le linn 2018, sainmhíniú a léireoidh an suíomh is déanaí maidir le hidirghníomhaíocht riaracháin an dá oifig.

Comhaontú Seirbhíse idir Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc (OCA)/an Choimisiún um Achomhairc Chánach (TAC)

Cúlra

Síníodh an bunchomhaontú ar 15 Feabhra 2005 mar thoradh ar mholtaí Ghrúpa Stiúrtha Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus Tuarascáil Deiridh an Fhiosrúcháin Pharlaiminte faoi DIRT, gur chóir Vóta agus Oifigeach Cuntasaíochta neamhspleách ar leith a sholáthar d'Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc. Ba é cuspóir na moltaí seo ná neamhspleáchas agus féinriail Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc a dhéanamh níos trédhearcaí i dtaca le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Rinneadh soláthar dó sa bhunchomhaontú go ndéanfaí athbhreithniú i 2006. Cuireadh sin isteach chun athbhreithniú iomchuí fheidhmiú an Chomhaontaithe a éascú. Níor tháinig aon fhadhbanna ná aon cheisteanna chun cinn agus rinneadh an comhaontú a thar-rolladh go 2012. Cuireadh comhaontú breise i bhfeidhm ó 2012 go dtí 31 Nollaig 2015.

Faoi fhorálacha an Achta Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, a bhfuiltear ag dréim leis go gcuirfear tús leis le linn 2016, tá athchóiriú agus feabhas á gcur ar ról, ar fheidhmeanna agus ar struchtúr Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc. Príomhchuspóir amháin atá taobh thiar de na forbairtí seo is ea tuilleadh béime a chur ar neamhspleáchas agus ar neamhchlaontacht chóras na n-achomharc cánach. Tá sé i gceist go gcabhródh an Comhaontú Seirbhíse seo chun cinntiú go gcuirtear an t-aistriú chuig na socruithe nua i gcrích ar bhealach réidh agus éifeachtach.

Laistigh de chreatlach fhreagrachtaí soiléire an Oifigigh Chuntasaíochta do OCA/TAC (faoi mar a leagadh iad sin amach i meamram na Roinne Airgeadais ó Mhí na Nollag 2003, “Ról agus Freagrachtaí na nOifigeach Cuntasaíochta”), tá na socruithe seirbhíse comhaontaithe faoi mar atá siad leagtha amach thíos. Baineann siad seo le moltaí dhréacht-Tuarascáil an Ghrúpa Oibre faoi riachtanais acmhainne an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuntais/Airgeadas

Íocaíochtaí Ginearálta

Soláthróidh na Coimisinéirí Ioncaim seirbhís ghinearálta íocaíochtaí do OCA/TAC. Beidh mar chuid den tseirbhís freisin feidhmiú cuntas fionraí d'asbhaint agus d'íocaíocht chánach siarchoinneálaí, srl.

Tuairiscí

Chomh maith leis sin soláthróidh na Coimisinéirí Ioncaim, ar iarratas, aon tuairiscí airgeadais atá ar fáil do OCA/TAC ó chóras bainistíochta airgeadais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Clár na Sócmhainní

Leanfaidh OCA/TAC air de bheith ag cothabháil a Chláir Acmhainní féin agus cuirfear sonraí ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim lena gcur san áireamh sa Chuntas Leithreasa.

Cuntas Leithreasa

Ullmhóidh agus cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim isteach an Cuntas Leithreasa lena shíniú ag an Oifigeach Cuntasaíochta do OCA/TAC roimh 31 Márta. Éascóidh na Coimisinéirí Ioncaim freisin iniúcháirí an ARC&C agus iniúchadh á dhéanamh acu ar an gCuntas Leithreasa agus soláthróidh OCA/TAC aon fhaisnéis atá riachtanach chuige seo.

Tuarastail

Leanfaidh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais Chill Airne (SCRA) orthu de bheith ag soláthar seirbhíse tuarastal do bhaill fhoirne OCA/TAC go dtí aistriú na seirbhíse seo ó SCRA chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP). Cuimsíonn an tseirbhís seo íocaíochtaí cánach agus asbhaintí deonacha agus próiseáil phárolla deireadh na bliana. Bainistoidh na Coimisinéirí Ioncaim an próiseas aistrithe do bhaill fhoirne OCA/TAC ó SCRA go ISCP. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim orthu de bheith ag soláthar na billeála ráithiúla do thuarastail agus do chaiteachas T & L.C.

Pearsanra

Is státseirbhísigh iad gach duine de na hoifigigh atá fostaithe faoi láthair in OCA/TAC. Don am i láthair, leanfaidh Rannán Acmhainní Daonna na gCoimisinéirí Ioncaim orthu de bheith ag soláthar tacaíochta riaracháin faoi chúrsaí AD i gcomhar le PeoplePoint de réir mar a theastaíonn le haghaidh bhaill fhoirne OCA/TAC. Soláthrófar an tacaíocht idirbheartaíochta ar fad ag PeoplePoint.

Aoisliúntas

Ba chóir do bhaill fhoirne atá fostaithe in OCA/TAC dul i gcomhairle leis an bhFoireann Aoisliúntais ag PeoplePoint maidir le ceisteanna Aoisliúntais; is féidir le AD na gCoimisinéirí Ioncaim comhairle a sholáthar ina leithéid de cheisteanna má theastaíonn sin. Soláthrófar an tacaíocht idirbheartaíochta ar fad ag PeoplePoint.

Seirbhísí Eile

Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim orthu de bheith ag soláthar tacaíochta agus comhairle maidir le ceisteanna Sláinte & Sábháilteachta do OCA/TAC. Soláthróidh na Coimisinéirí Ioncaim tacaíocht agus comhairle freisin maidir le tarraingt anuas conarthaí Rialtais atá i bhfeidhm, m.sh. do sholáthar stáiseanóireachta. Leanfaidh OCA/TAC orthu agus teacht acu ar áiseanna leabharlainne na gCoimisinéirí Ioncaim.

Seirbhísí TF

Ceannach

Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim orthu de bheith ag tabhairt comhairle agus cabhrach do OCA/TAC maidir le foinsiú agus le ceannach soláthar crua-earraí agus bogearraí. Tabharfar treoracha do gach soláthróir sonraisc a chur chuig OCA/TAC lena bhfaomhadh sula gcuireann OCA/TAC iad ar aghaidh chuig Brainse na Lóistíochta.

Tacaíocht Chothabhála/Úsáideora

Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim trealamh TFC a óstáil i Lárionad Sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim do OCA/TAC i gcomhréir le socruithe óstála do GSP eile. Soláthróidh na Coimisinéirí Ioncaim seirbhísí teileafónaíochta agus soláthróidh siad tacaíocht agus cothabháil leanúnacha deisce cabhrach TF do OCA/TAC go dtí go gcuirtear conarthaí nua tacaíochta agus cothabhála i bhfeidhm le solathróirí rafara TFC ag OCA/TAC.

Forbairt TF

Solathróidh na Coimisinéirí Ioncaim cabhair agus comhairle maidir le forbairt bhreise agus le soláthar áiseanna agus seirbhísí TF, de réir mar is cuí.

Iniúchadh Inmheánach

Beidh comhairle faoi fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh fós ar fáil ag OCA/TAC ó Aonad Iniúchta Inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim ar iarratas.

Athbhreithniú

Méadaíonn an comhaontú seo comhaontú níos luaithe ar cuireadh tús leis ar 1 Eanáir 201 agus déanfar athbhreithniú air arís ag dáta nach déanaí ná deireadh Mhí na Nollag 2016.

Sínithe _____ Dáta _____
Príomhoifigeach, An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Sínithe _____ Dáta _____
Oifigeach Airgeadais
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí Treorach Achoimhre le haghaidh Achomharcóirí

Le linn dara leath 2017 rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na bealaí sin ina ndearna sé cumarsáid le hachomharcóirí agus leis na Coimisinéirí Ioncaim araon.

Mar chuid den athbhreithniú seo, d'aithin muid an gá atá ann leis an gcomhfhreagras a nuashonrú a eisítear chuig páirtithe atá ag céimeanna éagsúla sa phróiseas achomhairc. Lena chois sin, chun cabhrú le páirtithe maidir le fógairt agus cur chun cinn achomharc, tá nótaí mionsonraithe treorach táirgthe ag TAC, a thabharfaidh comhairle faoin méid a mbítear ag dréim leis (doiciméid, amlínte, freastal, srl.) ó pháirtithe achomhairc.

Tá na teimpléid fheabhsaithe chomhfhreagrais á n-úsáid cheana agus táimid ag súil leis go mbeidh na nótaí treorach – a mbeidh mar chuid díobh freisin tabhairt isteach córais nua achomharc “simplí” agus “casta” – ar fáil go luath i 2018.

Tugann an nóta treorach seo a leanas, “Cad iad na rudaí nach féidir leat achomharc a dhéanamh fúthu don Choimisiún um Achomhairc Chánach”, sampla de thoradh an phróisis fhada athbhreithnithe agus beidh sé ar na chéad doiciméid a chuirfear ar fáil lena n-úsáid go luath i 2018.

Cad iad na rudaí nach féidir leat achomharc a dhéanamh fúthu don Choimisiún um Achomhairc Chánach

Is ann do nithe áirithe nach féidir leat achomharc a dhéanamh fúthu don Choimisiún um Achomhairc Chánach.

Tabhair spléachadh ar na rudaí seo a leanas go cúramach, le do thoil, sula gcuireann tú Fógra Achomhairc faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Sula ndéanann tú achomharc, ba chóir duit tuiscint nach féidir leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Socrú a dhéanamh faoi nithe nach mbaineann le cúrsaí cánach.
- An dlí a athrú. Ní mór dó an dlí atá ann i láthair na huaire a chur i bhfeidhm, fiú má eascraíonn toradh as sin atá éagórach, dar leat.
- Plé le gearáin riaracháin faoi iompar oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Má bhíonn tú míshásta leis an tslí inar phléigh na Coimisinéirí Ioncaim le do chuid gnóthaí cánach, tagair dá gcuid treorach, le do thoil, agus faigh amach conas gearán a dhéanamh ag: www.revenue.ie/en/corporate/information-about-revenue/customer-service/how-to-complain/index.aspx
- Malairt tuairime a réiteach idir tú féin agus na Coimisinéirí Ioncaim nuair nach bhfuil an chéim sin bainte amach ag tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim gur eisíodh fógra measúnaithe nó go ndearnadh socrú foirmeálta. Ní féidir leat achomharc a dhéanamh ach amháin in aghaidh fógra deiridh measúnaithe nó in aghaidh litreach deiridh socraithe.
- **Socrú a dhéanamh faoi nó athrú a chur i méid an úis ar íocaíocht dhéanach chánach. Forchuirtear an méid úis a eascraíonn ar íocaíocht dhéanach chánach ag reachtaíocht. Níl aon rogha ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach muirir úis a choigeartú.**
- I gcúinsí srianta, is féidir go mbeidh tú i dteideal achomharc a dhéanamh in aghaidh shocrú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le forchur pionós cánach. Nuair a dhéanann tú achomharc in aghaidh méid cánach a bhfuil aighneas ann faoi, bainfidh cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc leis an tsuim chánach a bhfuil aighneas ann faoi amháin. Ní bheidh sé ag plé le pionóis, ar féidir go mbainfidh siad le feidhm go leithleach.

Ní féidir leat achomharc a dhéanamh faoi na rudaí seo:

- Cáin a ró-íocadh do thréimhse chánach atá as am.
- Mar shampla, i gcás na cánach sin a bhailítear ag d'fhostóir tríd an gcóras ÍMAT, is í an teorainn ama chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cánach ró-íoctha ná 4 bliana tar éis bhliain chánach an dliteanais chánach a bhfuil aighneas ann faoi. Baineann an teorainn ama 4 bliana le feidhm fiú nuair a mheasann tú gur ar na Coimisinéirí Ioncaim a bhí an locht cionn is gur theip orthu creidmheas nó faoiseamh cánach a thabhairt duit a mbeifeá i dteideal é a fháil dá ndéanfá achomharc laistigh den tréimhse 4 bliana.
- Mar shampla, más mian leat cáin a aisghabháil a bailíodh ag d'fhostóir trí ÍMAT a bhaineann le 2013, is féidir go mbeidh d'achomharcsa as dáta má dhéantar é tar éis deireadh 2017.

Achomharc a dhéanamh nó gan achomharc a dhéanamh

Ní féidir linn comhairle a thabhairt duit má tá ábhar achomhairc agat nó más dócha go mbainfidh tú nó go gcaillfidh tú d'achomharc. Ní féidir linn a rá leat ach oiread ar chóir duit nó nár chóir duit achomharc a dhéanamh. San fhógra measúnaithe nó sa litir shocraithe dheiridh, déarfadh na Coimisinéirí Ioncaim leat an bhfuil ceart achomhairc agat i leith an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Ní hann d'aon riachtanas ionadaíocht dlí a bheith agat chun achomharc a dhéanamh. Tá tú go hiomlán i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar mhaithe leat féin.

Más rud é go socraíonn tú comhairle a fháil, déan sin chomh luath agus is féidir, le do thoil – le linn duit bheith ag cuimhneamh ar achomharc a dhéanamh. Ná cuir sin siar go dtí go bhfuil d'achomharc ar siúl ós rud é gur féidir nach mbeimid in ann d'achomharc a chur ar feitheamh a fhad is atá tú ag lorg ionadaíochta. **Má bhíonn moill ort maidir le comhairle a fháil, cuimhnigh le do thoil ar an teorainn ama chun achomharc a dhéanamh.**

Má bhíonn tú ag cuimhneamh ar chomhairle chánach a fháil sula ndéanann tú achomharc, tá roinnt roghanna ar fáil agat mura bhfuil teacht agat cheana féin ar chomhairleoir cáilithe chánach.

Mar shampla, eagraíocht amháin a sholáthraíonn comhairle saor in aisce faoi chúrsaí cánach is ea **FLAC**, eagraíocht neamhspleách cheart daonna atá tiomanta do chur i gcrích chothroime rochtana ar cheartas do chách. Bíonn **FLAC** ag tionól clinicí comhairle dlí ina mbíonn dlíodóirí, agus iad ag obair ar bhonn deonach, ag cur ar fáil bunchomhairle dlí atá faoi rún, atá saor in aisce agus pearsanta ar fud gach réimse dlí, cúrsaí cánach san áireamh trína líonra clinicí comhairle ar fud na hÉireann. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar a shuíomh gréasáin www.flac.ie.

Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí

Tá TAC tiomanta do bheith ag soláthar ardchaighdeán seirbhíse d'ár gcuid cliant ar fad, i gcomhréir leis na prionsabail, leis na cleachtais agus leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís, agus go sonrach, an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachas Stáit. Feidhmíonn TAC i gcomhréir leis na prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí atá faofa ag an Rialtas.

Soláthraíonn an oifig seo próiseas neamhspleách achomharc maidir le héisteacht agus le breithniú aighneas cánach, sa tslí go n-éistimid le agus go ndéanaimid cinneadh faoi achomhairc in aghaidh socruithe agus cinntí na gCoimisinéirí Ioncaim, a bhaineann le cánacha agus le dleachtanna.

Bíonn raon leathan cliant againn, lena n-áirítear daoine aonair, comhlachtaí chorpraithe, comhlachais dheonacha nó charthanachta agus a gcuid ionadaithe, chomh maith le hoifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Leagann an Chairt seo na caighdeáin sin amach ar aidhm linn iad a chur ar fáil do chliaint. Déanfaimid ár bhfeidhmíocht a thomhas agus a mheasúnú le hais na gcaighdeán seo agus tabharfaimid tuairisc faoinár gcinneadh inár dTuarascáil Bhliantúil gach bliain.

Teagmháil ar an teileafón

Má dhéanann tú teagmháil le TAC ar an teileafón, déanfaimid iarracht na rudaí seo a dhéanamh:

- do ghlaoch a fhreagairt chomh gasta agus is féidir;
- ár n-ainm agus ár réimse oibre a rá leat nuair a fhreagraímid an glaoch;
- bheith múinte agus cuidiúil i gcónaí;
- freagra iomlán a thabhairt ar do cheist, nó murar féidir linn sin a dhéanamh láithreach bonn, scríobhfaimid síos do chuid sonraí agus cuirfimid glaoch ar ais ort chomh luath agus is féidir;
- freagra a thabhairt ar gach teachtaireacht ghlórphoist go gasta.

Comhfhreagras Scríofa

Má chuireann tú litir, facs nó ríomhphost chugainn, déanfaimid iarracht na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- cinntiú go bhfaigheann tú freagra iomlán, laistigh de 20 lá oibre;
- murar féidir linn freagra iomlán a sholáthar laistigh den tréimhse seo, scríobhfaimid chugat laistigh den tréimhse 20 lá, ina ainneoin sin is uile, agus

míniú á thabhairt againn faoin bhfáth nach bhfuil an freagra iomlán agus cén uair is féidir leat bheith ag súil le freagra iomlán;

- ainm teagmhála, uimhir thagartha (nuair is cuí sin) a chur ar fáil, chomh maith le sonraí eile teagmhála (fón, facs, ríomhphost);
- scríobh chugat ag úsáid friotail atá simplí agus soiléir ach gan téarmaí teicniúla a úsáid ach amháin má bhíonn géarghá lena leithéid.

Gearáin do TAC

Má dhéanann tú gearán do TAC faoinár gcuid gníomhartha, déanfaimid iarracht na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- cur in iúl duit go bhfuil do ghearán faighte againn laistigh de 7 lá;
- insint duit cé chomh fada is a d'fhéadfadh sé tógáil orainn chun an gearán a scrúdú;
- tú a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn ár scrúdaithe;
- cur in iúl duit chomh gasta agus is féidir agus chomh soiléir agus is féidir, toradh ár scrúdaithe.

Cuairteoirí chuig TAC

Má thagann tú go TAC go pearsanta, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- pléifimid leat go múinte, beidh meas againn ar do chuid príobháideachais sa mhéid gur féidir agus beimid cothrom inár bplé leat;
- casfaimid leat ag an am a comhaontaíodh, má tá coinne agat;
- déanfaimid ár ndícheall áiseanna cuí a sholáthar le haghaidh éisteachta, nó cruinnithe, de réir mar is cuí;
- coimeádfaimid ár gcuid oifigí poiblí glan néata, ag cinntiú go gcloíonn siad le caighdeán sláinte agus sábháilteachta.

Comhionannas/Éagsúlacht

- táimid tiomanta do sholáthar seirbhíse do gach cliant, a sheasann lena gcearta ar chaitheamh cothrom atá leagtha síos ag reachtaíocht chomhionannais;
- beidh sé mar aidhm againn cinntiú go mbíonn ár gcuid seirbhísí agus áiseanna inrochtana ag ár gcuid cliant ar fad, iad siúd a bhfuil sainriachtanais acu san áireamh.

Seirbhís as Gaeilge

Má iarrtar a leithéid ag duine a bhfuil caidreamh acu leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, déanfaimid ár ndícheall dul i gcomhairle leis an duine as Gaeilge; nó murar féidir linn sin a dhéanamh, déanfaimid ár ndícheall seirbhísí ateangaire a fháil.

Nós Imeachta Athbhreithnithe

Déantar athbhreithniú inmheánach ar pholasaí agus ar nósanna imeachta TAC ag an lucht bainistíochta agus bíonn siad faoi réir ag iniúchadh seachtrach ag an ARC&C.

